



Údaráis Áitiúla Lú
Louth Local Authorities

Tuarascáil Bhliantúil 2013

Tuarascáil Bhliantúil 2013

CLÁR

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ó na Cathaoirligh/ón Méara	3
Toghcheantair	4
Comhaltaí Chomhairle Contae Lú 2013	5
Comhaltaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan 2013	7
Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2013	8
Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia 2013	9
Ard-Fhoireann Údaráis Áitiúla Lú	10
Gnóthaí Corparáideacha	11
Tithíocht Pobail	21
Iompar & Muirí	30
Uisce, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála	33
Forbairt Eacnamaíoch	36
Geata Réigiúnach	41
Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht	47
Daonlathas Áitiúil	64
Táblaí & Aguisíní	67
- Príomhtháscairí Feidhmíochta	68
- Figiúirí Airgeadais	80
- Taifead Tinrimh na gComhaltaí ar Chomhdhálacha ...	84
- Íocaíochtaí le Comhaltas as cruinnithe, coistí, íocaíochtaí ionadaíochta etc.	88
- Ionadaíocht ar SPC/MPC, etc.....	89

RÁITEAS MISIN

Ceannaireacht agus seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Lú”



Tír na bhFinscéalta

Comhóráid ón mBainisteoir Contae agus ó na Cathaoirligh/ón Méara



Philomena Poole
County Manager
Údaráis Áitiúla Lú



Declan Breathnach
Declan Breathnach
Cathaoirleach
Comhairle Contae Lú



Eamonn P. O'Boyle
Eamonn O'Boyle
Cathaoirleach
Comhairle Baile Dhún Dealgan

An uile dhuine a bhfuil baint acu le cúrsaí rialtais áitiúil, beidh a fhios acu go bhfuilimid ag obair i ndálaí atá ag athrú go mear. Ba léir é sin in 2013 agus muid ag ullmhú faoi choinne mórathruithe a thitfidh amach san earnáil rialtais áitiúil in 2014. D'ainneoin an ullmhúcháin sin, leanamar de líon mór seirbhísí a chur ar fáil dár bpobail in 2013, faoi mar ab amhlaidh riamh. Is áthas linn, mar Chathaoirligh, mar Mhéara agus mar Bhainisteoir Contae an tuarascáil bhliantúil seo a chur i láthair, tuarascáil ina léirítear an tslí inar chuireamar na seirbhísí éagsúla uile ar fáil ar mhaithe le háit níos fearr cónaithe, oibre agus cuartaíochta a dhéanamh de Chontae Lú.

Ba iad seo a leanas na príomhnithe ar dhírigh fhoireann dhilis Údaráis Áitiúla Lú orthu i mbliana: tionscnaimh réamhghníomhacha agus freagairtí ar dhúshláin chomhshaoil agus aimsire, agus ar dhúshláin leanúnacha lena n-áirítear dumpáil mhídhleathach agus fadhb leanúnach an tsloida thocsainigh ó sciúradh díosail.

Mar Chomhairle, dhíriomar i gcónaí ar thimpeallacht a chruthú ina gcruthófaí poist. Is é sin bun agus barr ár bhfealsúnacht, agus tá tacú don sprioc sin i mbeartais agus i gcleachtais uile na Comhairle, go háirithe i ngnéithe a bhaineann le forbairt eacnamúil, agus in obair an Bhoird Forbartha Contae agus Fhóram Eacnamúil Lú.

Dúshlán a bheidh ann roinnt príomhthionscnamh a chur i gcrích, tionscadal Dhroichead an Uisce Chaoil, mar shampla. Leanaimid dár bhfócas ar thionscadail thábhachtacha den sórt sin chun toradh dearfach a bhaint amach san fhadtéarma.

Gné thábhachtach dár n-iarrachtaí chun an timpeallacht ina mairimid a fheabhsú in 2013 ab ea an chomhpháirtíocht atá againn le grúpaí pobail. Bhí tionchar dearfach ag an rath a bhí ar Líonra na mBailte Slachtmhara Le Chéile agus na codanna éagsúla aonair ar gach aon chuid de Chontae Lú. Leanadh den fhorbairt atá ar bun chun contae atá báuil le haois a dhéanamh den Chontae Lú, a bhuíochas ar obair Fhóram na Seanóirí agus an Chomhaontais atá Báuil le hAois.

Tugaimid aghaidh ar a bhfuil romhainn le muinín, agus is eol dúinn na deiseanna a bheidh ag an gcontae a bhuí ar an timpeallacht nua. Mar Chathaoirligh/Mhéara agus mar Bhainisteoir Contae, admhaimid agus gabhaimid buíochas leo siúd uile a chabhraigh chun an contae a fhorbairt agus a oibríonn go cruá i gcónaí ar mhaithe le háit níos fearr cónaithe, oibre agus cuartaíochta a dhéanamh de Chontae Lú.




Richard Culhane
Richard Culhane
Méara
Comhairle Buirge Droichead



Fintan Malone
Fintan Malone
Cathaoirleach
Comhairle Baile
Bhaile Átha Fhirdhia

Toghcheantair



CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ
 Aithníonn an Chomhairle an cúram atá uirthi a chinntiú go bhfaigheann na saoránaigh atá cáilithe chun vóta a chaitheamh an deis chun sin a dhéanamh. Tionsaítear clár gach bliain de na saoránaigh ar fad atá i dteideal vóta a chaitheamh i

Comhairle Buirge Dhroichead Átha, Sráid an Aonaigh, Droichead Átha.

Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan.

Halla an Bhaile, Dún Dealgan.



Comhaltaí Chomhairle Contae Lú

DÚN DEALGAN / CAIRLINN

Fine Gael
Martin Murnaghan



Sinn Féin
Edel Corrigan



Sinn Féin
Jim Loughran



Neamhspleách
Jim Ryan



Fianna Fáil
Peter Savage



DÚN DEALGAN THEAS

Neamhpháirtí
Martin Bellew



Fianna Fáil
Declan Breathnach



Fine Gael
Linus English



An Comhaontas
Glas Marianne



Neamhpháirtí
Alan Grehan



Sinn Féin
Tomás Sharkey



DROICHEAD ÁTHA THIAR

Páirtí an Lucht
Oibre



Fine Gael
Anthony Donohoe



Fianna Fáil
Frank Maher



Sinn Féin
Paddy McQuillan



DROICHEAD ÁTHA THOIR

Fianna Fáil
Tommy Byrne



Neamhspleách
Frank Godfrey



Sinn Féin
Imelda Munster



Páirtí an Lucht
Oibre



Fine Gael
Michael O'Dowd



Fine Gael
Oliver Tully



BAILE ÁTHA FHIRDHIA

Fine Gael
Jim Lennon



Fine Gael
Colm Markey



Fine Gael
Finnan McCoy



Sinn Féin
Pearse McGeough



Fianna Fáil
Liam Reilly



Comhaltaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan

Neamhpháirtí
Martin Bellew



Fianna Fáil
Sean Bellew



**An Comhaontas
Glas** Marianne Butler



Fine Gael
Maria Doyle



**An Comhaontas
Glas**



Sinn Féin
Jennifer Green



Fianna Fáil
Conor Keelan



Sinn Féin
Kevin Meenan



Neamhpháirtí
Oliver Morgan



Fine Gael
Eamonn O'Boyle



Neamhspleách
Jim Ryan



Sinn Féin
Harry Todd



Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha

Páirtí an Lucht
Oibre



Fine Gael
Kevin Callan




Sinn Féin
Matthew Coogan



Fine Gael
Richard Culhane



Fine Gael
Anthony Donohoe



An Páirtí
Sóisialach



Fianna Fáil
Frank Maher



Sinn Féin
Imelda Munster



Páirtí an Lucht
Oibre



Fine Gael
Michael O'Dowd



Neamhpháirtí
Ken O'Heiligh



Sinn Féin
Dom Wilton



Comhroghnaíodh an Comhairleoir Ciarán McKenna, an Páirtí Sóisialach, ar an gComhairle i Meán Fómhair 2013 tar éis don Chomhairleoir Frank Gallagher, an Páirtí Sóisialach, éirí as.

Comhaltaí Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia

Neamhpháirtí
Michael Farrelly



Páirtí an Lucht Oibre
Leonard Hatrick



An Comhaontas Glas
Mary Kavanagh



Fianna Fáil
Fintan Malone



Fine Gael
Finnan McCoy



Sinn Féin
Pearse McGeough



Fianna Fáil
Padraig McKenny



Fine Gael
Dolores Minogue



Neamhpháirtí
Jim Tenanty



Ardfhoireann Údarás Áitiúla Lú Móide Gach Duine a Chuaigh ar Scor in 2013

Comhairle Contae Lú

Bainisteoir Contae: Philomena Poole

Stiúrthóir Seirbhísi:

Forbairt Eacnamaíoch: Michael Curran
Tithíocht, Pleanáil Shóisialta & Pobail, Seirbhísi
Dóiteáin & Éigeandála & Ceantar Bhaile Átha
Fhirdhia & an Cheantair Máguaird: Joe
McGuinness

Iompar, Pleanáil & Ceantair Lú Theas: Joan
Martin

Comhshaoil, Seirbhísi Uisce, Pleanáil & Ceantar
Lú Thuaidh: Frank Pentony
Ceann Airgeadais; Bernadette Woods

Ceann TF: Eugene Mulholland

Leabharlannaí Contae: Bernadette Fennell

Ardoifigh Feidhmiúcháin:

Acmhainní Daonna: Colette Moss
Rúnaíocht CDB/Seirbhísi Corparáideacha:
Paddy Donnelly

Tithíocht: Willie Walsh

Comhshaoil: Mary Murtagh

Cuntasóir Airgeadais:

Brian Lynch, Róisín McAuley

Oifigh Riaracháin:

Seirbhísi Dóiteáin: David Jones

Iompar: Eugene McManus

Pleanáil: Anne D Callan

Acmhainní Daonna: Kieran Lawless

Airgeadas: Pauline Goss

Seirbhísi Sláintíochta: Brenda O'Brien

Rúnaíocht CDB: Mary Deery, Paula Gribben

Tithíocht: Therese McArdle

Forbairt Eacnamaíochta agus Pleanáil Todhchaí:
Michael McCabe

Ard-Leabharlannaí Feidhmiúcháin: Amanda
Branigan

Clárghainisteoir Peace III/Pobail: Valerie
Artherton

Oifigeach um Líonrú ar son na Síochána:
Grainne Cumiskey

Innealtóirí Shinsearacha:

Iompar: Gerry Kelly

Seirbhísi Sláintíochta: Catherine Duff

Comhshaoil: Raymond McKenna

Ard-Innealtóirí Feidhmiúcháin:

Iompar: Frank Magee, Paddy Connolly

Tithíocht: Donal Clarke

Seirbhísi Sláintíochta: Keith Hanratty, Peadar
McGuinness

Comhshaoil: Declan McMahon

Ardphleanálaithe Feidhmiúcháin:

Marguerite Quinn, Terence Savage, Emer
O'Callaghan, Sinead Mullen

Phríomhoifigeach Dóiteáin Cúnta Sinsearach: Joe

Lumsden, Sheila Broderick

Phríomhoifigeach Dóiteáin Cúnta: John Cummins,

Philip O'Brien

An tOifigeach Ealaíon Contae: Brian Harten

Carlannaí Contae: Lorraine McCann

An Cróinéir Contae: Ronan Maguire

An tOifigeach Tréidliachta Contae: Garret Shine

Phríomhoifigeach Dóiteáin: Eamon Woulfe

Ardoibrí Sóisialta: Catherine Vaughan

Comhordaitheoir Chomhpháirtíocht Spóirt Lú:

Mary Browne

Príomhtheicneoir: Paddy Birch

Oifigeach Oidhreacht: Brendan McSherry

Ardoifigeach Foirme:

Acmhainní Daonna: Mary Gormally

Seirbhísi Corparáideacha: Nessa McCartan

Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre:

Angela Muckian

Mótarcháin & Mór-Éigeandáil: Greg

Flanagan

Seirbhísi Uisce: Siobhan Rice

Pleanáil Todhchaí: Sinead McVerry

Tithíocht: Kathleen Birch, Paddy Drumgoole

Leabharlannaí Feidhmiúcháin: Sheila

Tierney, Peter Murphy, Anne Keaveney

Airgeadas: Anne McDonnell

Droichead Átha agus an Ceantar Máguaird

Stiúrthóir Seirbhísi: Joan Martin

Ardoifigeach Feidhmiúcháin: Mary T. Daly

Oifigh Riaracháin:

Brona O'Reilly, Jeanne Rushe

Ardoifigeach Foirme:

Christine Mullen, Alison Condra

Ard-Innealtóir: Pat Finn

Ard-Innealtóirí Feidhmiúcháin: Martina Sheeran,

Vincent Toner

Dún Dealgan agus an Ceantar Máguaird

Stiúrthóir Seirbhísi: Frank Pentony

Ardoifigeach Feidhmiúcháin: David Storey

Oifigh Riaracháin:

John Lawrence, Joan Smith

Ardoifigeach Foirme:

Eileen McEnteggart, Veronica Traynor, Mary Capplis

Ard-Innealtóir: Catherine Duff

Ard-Innealtóirí Feidhmiúcháin:

Peter McVeigh, Pádraig O'Hora

Coimeádaí an Mhúsaem: Brian Walsh

Baile Átha Fhirdhia agus an Ceantar Máguaird

Stiúrthóir Seirbhísi: Joe McGuinness

Cléireach Baile: Miriam Roe

Ard-Innealtóir Feidhmiúcháin: Pádraig Judge

Gach duine a chuaigh ar scor in 2013:

Richard Corrigan - *Maor*

Philp Bradley - *Ceardaí*

Ignatius Traynor - *Oibrí Ginearálta*

Christopher O'Connor – *Airíoch Oibreacha Uisce Grád 3*

Philip McAuley - *Tiománaí / Cúntóir na*

Leabharlaine Taistil

Patricia Hanlon - *Ard-Chuntóir Leabharlaine*

Damien McConnon - *Coimeádaí Stóir Cúnta*

Gerard McCormack - *Oibrí Ginearálta*

Michael Campbell – *Tiománaí Leoraí/Oibrí*

Innealra B

Michael Smith - *Airíoch Láithreacha Stad*

Gnóthaí Corparáideacha

CRUINNITHE DE CHOMHAIRLE CONTAE LÚ – 2013

Cruinniú Míosúil	11
Cruinniú Speisialta	0
Cruinniú Bliantúil	1
Cruinniú Buiséid	1
CPG (Grúpa Beartais Chorporáidigh)	12
SPC – Iompar & Gnóthaí Trasteorann	4
SPC – Seirbhísí Comhshaoil	3
SPC – Forbairt Eacnamaíoch & Pleanáil Todhchaí	6
SPC – Tithíocht, Pleanáil Shóisialta & Pobail	3
Cruinniú den Choiste Ceantair – Dún Dealgan	11
Cruinniú den Choiste Ceantair – Baile Átha Fhirdhia	11
Cruinniú den Choiste Ceantair – Droichead Átha	11
CCP – Droichead Átha agus Lú Theas	4
CCP – Droichead Átha agus Lú Thuaidh	4
CCP – Baile Átha Fhirdhia agus Lú Láir	4
CCP - Grúpa Stiúrtha	3
CCP – Cruinnithe Poiblí	1
Líon iomlán na gcruinnithe	90

Cruinnithe den Chomhairle

Bíonn cruinniú ag Comhairle Contae Lú ar an tríd Luan de gach mí mar aon le cruinniú buiséid reachtúil agus cruinniú bliantúil, i dteannta cruinnithe speisialta ó am go chéile de réir mar is gá chun déileáil le saincheistanna mar athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae. 13 chruinniú a bhí ag an gComhairle in 2013.

Bhí an **Cruinniú Buiséid** ar an 16 Nollaig 2013 ag ar bhreithnigh an Chomhairle €68,594,840 d'ollchaiteachas ioncaim le haghaidh 2014 ag ar ghlac siad €55.36 de Ráta bliantúil agus €1.77 de thobhach breise maidir le ceantar Chomhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia. Ar áireamh sa tuarascáil a chuir cuireadh faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an dréacht-bhuiséad bhí tuarascálacha ó gach stiúrthóireacht ar an dul chun cinn a rinneadh in 2013 i dtaca leis an bPlean Corparáideach roimhe sin chun géilleadh do riachtanais Alt 134(ii) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Bhí Cruinniú Míosúil Aibreán 2013 ag Comhairle Contae Lú i gCaisleán Bhaile Átha Fhirdhia – (15 Aibreán) ▷



Coistí Ceantair

Trí cinn de choistí ceantair atá ann, ar aon dul le teorainneacha na dtoghcheantar agus cheap na coistí seo cathaoirleach bliana an ceann suas go Meitheamh 2013.

<i>Coiste Ceantair</i>	<i>Cathaoirleach</i>	<i>Na cruinnithe a bhí ann:</i>
Dún Dealgan Cairlinn/Dún Dealgan Theas	An Clr. Martin Murnaghan	An dara Luan de gach mí
Baile Átha Fhirdhia	An Clr. Colm Markey	An ceathrú Déardaoin de gach mí
Droichead Átha Thoir / Droichead Átha Thiar	An Clr. Frank Godfrey	An chéad Luan de gach mí

Comhchoistí Póilíneachta

Ceanglaíonn Acht an Gharda Síochána 2005 ar údaráis áitiúla, i gcomhar leis an nGarda Síochána, comhchoistí póilíneachta a bhunú ina gceantair. Fóraim chomhairliúcháin, díospóireachta agus moltaí is ea na coistí seo ina bpléitear póilíní na gceantar áitiúil. Déanann siad athbhreithniú ar leibhéil agus ar phatrúin choireachta, neamhoird agus iompraíochta frithshóisialta agus moltaí siad bearta do na húdaráis áitiúla agus don Gharda Síochána maidir leis an tslí is fearr le déileáil leis na saincheistanna sin. Ar na fóraim tá baill agus oifigigh na n-údarás áitiúil, ionadaithe den Gharda Síochána, ionadaithe pobail agus comhaltaí den Oireachtas.

D'fhaomh Comhairle Contae Lú bunú trí cinn de Chomhchoistí Póilíneachta timpeall bhailte Dhún Dealgan, Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia ar aon dul le struchtúr na gcoistí ceantair agus le ceantair phóilíneachta an Gharda Síochána. Cinneadh, leis, Grúpa Stiúrtha na gComhchoistí Póilíneachta a bhunú, ar a mbeadh Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, Cathaoirleach na gcomhchoistí póilíneachta, an Bainisteoir Contae agus Príomhcheannfort an Gharda a bhfuil sé d'fheidhm acu oibriú na dt trí choiste a threorú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

<i>Comhchoiste Póilíneachta</i>	<i>Cathaoirleach</i>
Droichead Átha	An Clr. Frank Maher
Baile Átha Fhirdhia	An Clr. Padraig McKenny
Dún Dealgan	An Clr. Martin Bellew

Clúdaítear gníomhaíochtaí Chomhchoistí Póilíneachta an Chontae i dtuarascáil a ullmhaíodh de réir Alt 36(5) d'Acht an Gharda Síochána 2005.

CPG (Grúpa Beartais Corparáidigh)

Ceanglaíonn an tAcht Rialtais Áitiúil 2001 ar gach contae coiste a bhunú a dtabharfar an Grúpa Beartais Corparáidigh (GBC), ar a mbeidh Cathaoirleach na Comhairle Contae agus cathaoirleach na gCoistí Beartais Speisialta. Is é feidhm gach grúpa comhairle a chur ar an gcomhairle tofa i dtaca le beartas a cheapadh, a fhorbairt, monatóireacht a dhéanamh air agus é a athbhreithniú. Tháinig an Grúpa le chéile 11 uair le linn 2012 agus eagraíodh na cruinnithe seo ar bhonn míosúil. Ceann de phríomhfhéidhmeanna an ghrúpa ná athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár oibre le haghaidh chruinniú míosúil na comhairle. Tá ról ríthábhachtach ag an ngrúpa i dtaca le ceapadh an bhuiséid iomláin agus le hullmhú an Phlean Chorporáidigh.

FÁILTITHE / GRADAIM CHATHARTHA etc.

Údarás Dámhachtana	Dáta	Faighteoir	Gnóthachtáil	Costais
Lú Comhairle Contae	-	-	-	0
Comhairle Baile Dhún Dealgan	07/03/2013	Amy Broadhurst	An Seaimpín Dornálaíochta Cleitmheáchain Eorpach is nua ag Éirinn	€450.49
Comhairle Baile Dhún Dealgan	10/05/2013	Rince Mhéaraí an Iúir & Mhorna	Ionadaí Chomhairle Baile Dhún Dealgan	€297.58
Comhairle Baile Dhún Dealgan	21 go 26 Iúil 2013	Ceanada, SAM, an Afraic Theas, an Spáinn, an Fhrainc, Poblacht na Seice, an Pholainn, Albain agus Éire	An 12ú Seaimpíneacht Domhanda Flaidreachta – arna óstáil ag Chónaidhm Iascairí Breac na hÉireann	€239.97
Comhairle Baile Dhún Dealgan	21/11/2013	Ambasadóir na hAirgintíne, Ms Silvia Meregá	Ar cuairt ar Dhún Dealgan	€150.00
Comhairle Baile Bhaile Átha Fhirdhia	02/10/2013	Daltaí Scoil Náisiúnta na Mainistreach, Baile Átha Fhirdhia	An rath a bhí orthu mar sheaimpíní Sacair Cúigear ar gach Taobh Uile-Éireann FAI Aviva Health 2013	€264.26
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	21/03/2013	*Gradaim Éagsúla Chathartha - <i>Luaithe sa nóta thíos:</i> ▽		€860.75
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	09/05/2013	Bhronn Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha Saoire na Buirge (i ndiaidh a bháis) ar an <i>Gharda-Sáirsint Patrick Morrissey</i> , a thug a bheatha i seirbhís a tíre an 27 Meitheamh, 1985.		€432
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	24/10/2013	Bhronn Comhaltaí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha Saoire na Buirge ar an <i>Athair Iognáid Ó Donnabháin – Prióireacht na nAgaistíneach</i> , as an tseirbhís dhílis a thug an tAth. Ó Donnabháin do mhuintir Dhroichead Átha trína mhórchuid oibreacha carthanais agus ina sheirbhís don oideachas agus d'óige Dhroichead Átha.		€1,415



*** Comhairle Buirge Dhroichead Átha – Gradaim Éagsúla Chathartha.**

An 21 Márta 2013, bhronn an Méara Gradaim Chathartha ar na daoine seo a leanas:

- *Clare Leonard – Brainse Lú-na Mí – Down Syndrome Ireland* as an méid atá déanta aici ina saol chun cearta na saoránach a bhfuil Siondróm Down orthu a chur ar aghaidh, ag tabhairt aghaidh ar dhúshlán na linne seo, mar a gcaithfear an ceart ar chothromas agus an ceart ar chomhionannas a fhógairt go tréan agus troid a dhéanamh ar a son gach aon lá.
- *Michael & Margaret Toner* as an méid atá déanta acu ar son eagraíochtaí carthanacha agus deonacha i nDroichead Átha agus sa cheantar máguaird le blianta fada, agus as a fhlaithiúla agus a chineálta a bhí siad do ghrúpaí deonacha um Nollaig agus as an tionscadal bliantúil Nollag ina ndearnadh tréaniarracht airgead a bhailiú le haghaidh eagraíochtaí deonacha de bhrí go ndéanann siad ar fad a gcion ar leas shaoránaigh an chontae

- *Michael Matthews* – Oliver Plunketts GFC as na 69 bliain seirbhíse a thug sé go fial don Chlub CLG Oilibhéar Pluincéid agus don CLG go náisiúnta, agus as a thiomanta a bhí sé dá phobal áitiúil tríd an obair a rinne sé leis an CLG, mar shlí chun buntáistí eagraíocht dheonach a thabhairt do dhaoine óga, i bhfoirm cuideachta, spiorad foirne, araíonacht agus braistint féiniúlachta thar aon ní eile.
- *Dave Turner* – *Drogheda & District Support 4 Older People* as an obair fhial dhílis a rinne sé chun tacú le cearta seanóirí i nDroichead Átha agus sa cheantar máguaird. Agus i ngeall ar a thréithe ceannaireachta agus a fhís i dtaca le forbairt seirbhísí do sheanáirí, rud a dhírigh aird ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag seanóirí.
- *Hannah Donnelly* as an méid atá déanta aici ar son leanaí agus daoine óga a chaithfidh an Nollaig a chaitheamh in Ospidéal Mhuire Lourdes de dheasca breoiteachta, ag tacú leo tríd an tionscadal bliantúil trína ndéantar bréagáin a bhailiú agus a dháileadh, agus as an méid atá déanta aici ar son leanaí san ospidéal d'ainneoin na dúshláin sláinte atá le sárú aici féin gach lá, le cabhair óna teaghlach agus óna cairde.
- *Flora Okobi* as an obair atá déanta aici chun ardán a chur chun cinn agus a fhorbairt chun an éagsúlacht chultúrtha i nDroichead Átha agus sa cheantar máguaird a chur i láthair agus a thacú, agus as a diongbháilte a bhíonn sí i gcónaí maidir le caidreamh a chur chun cinn idir muintir na náisiún uile, agus lucht gach traidisiúin agus cultúir atá mar chuid den phobal againn anois, trí chláir agus imeachtaí oideachais a eagrú chun luach na héagsúlachta a cheiliúradh.
- *Scoil Speisialta Naomh Íde* – as an obair dhian atá déanta ag an mBord Bainistíochta, ag an bhfoireann, ag tuismitheoirí agus ag leanaí chun gur féidir le lucht na pobalscoile seo a ndúthracht a chaitheamh le 50 bliain anois ar riachtanais oideachais agus ar fhorbairt shóisialta na saoránach is speisialta dá bhfuil againn. Agus as an obair leanúnach agus tiomantas na scoile seo, a bhfuil meas ag saoránaigh uile an chontae uirthi, ar lóchrann dóchais é do leanaí a bhfuil dúshláin le sárú acu chun an gealladh ar fad atá fúthu a chomhlíonadh, ionas gur féidir leo a bheith comhionann le daoine eile ina bpobal féin.
- *Cúram Baile Ospís Dhroichead Átha* – as na seirbhísí deonacha a chuireann an eagraíocht seo ar fáil do shaoránaigh a bhfuil ailse orthu agus dá dteaghlaigh - seirbhísí iompair do choinní ospidéil agus seirbhísí cúram baile dóibh siúd a bhfuil gá acu leo. Agus chun aitheantas a thabhairt do thiomnacht neamhleithleach bhail na heagraíochta agus na saorálaithe a chuireann a gcuid seirbhísí ar fáil saor in aisce agus a bhraitheann go huile agus go hiomlán dá dtacaíocht ar a fhial agus a dhearfaí atá saoránaigh Dhroichead Átha.

SCÉIM NA GAELIGE

Príomhchuspóir is ea é i gcónaí na gealltanais a rinne Údaráis Áitiúla Lú faoi Scéim na Gaeilge a chomhlíonadh agus táimid meáite ar na hoibleagáidí reachtúla atá leagtha amach sa scéim sin a chomhlíonadh.

Príomhchuspóir is ea é i gcónaí na gealltanais a rinne Údaráis Áitiúla Lú faoi Scéim na Gaeilge a chomhlíonadh agus táimid meáite ar na hoibleagáidí reachtúla atá leagtha amach sa scéim sin a chomhlíonadh.




CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Thaispeáin Clár na dTogthóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2013 91,691 de phobal vótála, comhdhéanta mar seo a leanas:

Miondealú de réir Chineál an Togthóra

Togthóirí Dála	87,220
Togthóirí Uachtaránachta	86,488
Togthóirí Eorpacha	88,287
Togthóirí Áitiúla	91,691

Miondealú de réir Toghlimistéar Áitiúil



Clár Atheagraithe na dTogthóirí

Bhí 3,135 ainm ar Chlár Atheagraithe na dTogthóirí a tháinig i bhfeidhm an 15 Feabhra 2012.

Toghcháin le linn 2013

Reáchtáladh reifreann ar an mBille um an Tríocha Dóú Leasú ar an mBunreacht (Scor Seanad Éireann) 2013 agus ar an mBille um an Tríocha Tríú Leasú ar an mBunreacht (Cúirt Achomhairc) 2013 Dé hAoine, an 4 Deireadh Fómhair 2013.

Eagraíodh sraith seisiún ar fud an chontae i Samhain 2013 chun foramharc a thabhairt ar próiseas Chlár na dTogthóirí agus ar an vótáil. Eagraíodh seisiúin buail isteach, leis, chun go bhféadfadh saoránaigh a sonraí ar Chlár na dTogthóirí a sheiceáil, nó ar líne ag www.checktheregister.ie.




DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Íocadh amach €3,497,757.37 san iomlán i bhfoirm Deontas Ardoideachais in acadúil 2012/2013. Aisíoctar ón Roinn Oideachais & Scileanna gach deontas/táille a íoctar le mic léinn ach amháin €6,279.11 de ranníocaíocht shocraithe. Ní aisíoctar costais riaracháin na Comhairle.

Ó bhliain acadúil 2012/13 ní bheidh Comhairle Contae Lú ag déileáil ach le hathnuachan deontas a bhronn an Chomhairle roimhe seo de bhíri gur tugadh SUSI - Student Universal Support Ireland (*Tacaíocht Uilíoch do Mhic Léinn Éireann*) isteach mar an údarás dámhachtana do gach iarratas nua ar dheontas mic léinn. Córas tapa báuil leis an úsáideoir is ea an córas iarratais ar líne chun iarratas a dhéanamh ar dheontas ardoideachais.

Seo a leanas na staitisticí maidir le hiarratais ar an Deontais Ardoideachais a ceadaíodh sna 5 bliana acadúla seo caite:



STEM, Monatóireacht & Tuairisciú ar Fhuinneamh

STEM - ISO14001

Léirigh Comhairle Contae Lú ceannaireacht láidir shibhialta le linn tionscadal STEM a bheith á sheachadadh Tá Tionscadal STEM ar bun ó 2004 i leith agus chabhraigh sé go mór le

Comhairle Contae Lú creidiúnú ISO 14001 le haghaidh Córas Bainistíocht Comhshaoil a bhaint amach, i Halla an Chontae, agus i Seirbhísí Bóithre & Uisce, ar creidiúnú é atá aitheanta ar fud an domhain. Is córas é seo ina n-iarrtar súil ghrinn a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí, ar tháirgí agus ar sheirbhísí na Comhairle agus an cheist a chur:

- “Cén tionchar atá ag na nithe a dhéanaimid ar an timpeallacht?”
- “Cad iad na míreanna reachtaíochta ar chóir a bheith á gcomhlíonadh anseo agus an amhlaidh atá?”
- “Conas is féidir linn an damáiste a dhéanaimid don timpeallacht a laghdú a mhéad is féidir ar dtús?”
- “Conas is féidir é sin a dhéanamh?” & “Conas a ndéanfaimid monatóireacht agus tomhas ar an tslí ina bhfuil ag éirí linn?”

Rinne iniúchadh faireachais 5 lá ag deireadh Aibreán 2013 ar na láithreacha seo a leanas i measc láithreacha eile: Halla an Chontae, Stáisiún Dóiteáin Chairlín, Iosta Thalamh na Coille, Clós Bhaile Átha Fhirdhia, Campún na nAinmhithe, líonadh talún na hAbhann Báin agus roinnt ionad cóireála fuíolluisce agus cóireáil camrais, agus moladh go seasfadh an clárú go ISO 14001.

I measc na réimsí ar tugadh cuairt orthu le linn an iniúchta bhí:

- Úsáid Survey Monkey chun feacht a mhúscailt agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoireann
- Forbairtí in éifeachtúlacht fuinnimh agus in úsáid in-athnuaiteán
- Bainistíocht dramhaíola
- Cumarsáid amhairc

Trí bheart a dhéanamh chun an comhshaol a chosaint agus úsáid acmhainní a íoslaghdú, tá an Chomhairle ag cur lena hinbhuanaitheacht san fhadtárma. Cuspóirí agus spriocanna leathana is ea na cuspóirí agus na spriocanna atá socraithe ag an gComhairle agus díríonn a bhformhór ar thruailliú a chosc agus ar úsáid acmhainní, ar nós fuinnimh agus ábhar, a íoslaghdú.

Foramharc ar Ídiú Fuinnimh in 2013

Is iad an leictreachas, an díosal bóthair, an gás príomhlíonra agus ola ceirisín na cineálacha fuinnimh is mó a úsáideann Údarás Áitiúla Lú, san ord sin. Déanann an fhoireann fuinnimh gach ídiú fuinnimh a bhainistiú go gníomhach.

An méid díosail a úsáideann flít Údarás Áitiúla Lú

	Méid Lítear	Costas (gan CBL)
2012	253,649	€314,037
2013	266,068	€318,537

SEIRBHÍ Sí DO SHAORÁNAIGH

Saoráil Faisnéise

Rinneadh 41 iarratas in 2013 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997/2003 chuig Údarás Áitiúla Lú. Ba ionann sin agus 25% de mhéadú i gComhairle Contae Lú, 43% de laghdú i mBuirc Dhroichead Átha agus i gComhairle Baile Dhún Dealgan ar fhiigiúirí na bliana 2012.

	Comhairle Contae Lú 2012	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2012	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2012	Comhairle Contae Lú 2013	Comhairle Buirge Dhroichead Átha 2013	Comhairle Baile Dhún Dealgan 2013
Líon iomlán na nIarratas	25	7	7	33	4	4
- Pearsanta	13	4	4	9	3	Nialas
- Neamhphearsanta	11	3	3	21	1	4
- Measctha	1	Nialas	Nialas	3	Nialas	Nialas
Iarratais Dheonaithe	8	5	5	10	2	3
Iarratais Deonaithe go Páirteach	10	Nialas	Nialas	16	Nialas	NIALAS
Iarratais Dhiúltaíthe	4	2	2	7	2	Nialas
Iarratais Aistrithe	1	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Iarratais Aistarraingthe	1	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Iarratais aistarraingthe agus láimhseáilte lasmuigh de SF	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	1
Iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach	2	1	1	1	1	Nialas
Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise	1	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Foinse Iarratas						
Iriseoirí	1	Nialas	Nialas	3	Nialas	Nialas
Gnó	3	1	1	9	1	Nialas
Oireachtas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas	Nialas
Eile/An Pobal i gCoitinne:	15	6	6	16	3	4
Foireann	6	Nialas	Nialas	5	Nialas	Nialas

	Comhairle Contae Lú	Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Comhairle Baile Dhún Dealgan
Gearáin chuig an Ombudsman			
Gearáin a fuarthas i gcaitheamh na bliana	2 <i>(ceann amháin díobh a aistríodh ina dhiaidh sin chuig an CBDÁ)</i>	1	2
Ábhar na nGearán			
Pobal, Caitheamh Aimsire & Taitneamhachtaí			
Gnóthaí Corparáideacha			
Comhshaoil/Forghníomhú/Tréidlianna	1		
Airgeadas			
Pleanáil Todhchaí & Forbairt Eacnamaíoch			
Tithíocht	1 <i>(aistrithe)</i>	1	1
Pleanáil			1
Iompar			
Mótarcháin			
Seirbhísí Uisce			
Gearáin faoi Chairt na Saoránach			
Gearáin a fuarthas i gcaitheamh 2013	10	0	0

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Cruinnithe den Chomhairle

Bíonn cruinniú míosúil ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha ar an gcéad Luan de gach mí mar aon le cruinniú buiséid reachtúil agus cruinniú bliantúil, i dteannta cruinnithe speisialta ó am go chéile. Ní bhíonn aon chruinniú ann i mí Lúnasa. 14 chruinniú a bhí ag an gComhairle in 2013.

EASTÁT CORPARÁIDEACH

An Halla Baile

In 2014, leanfaidh an Chomhairle de mhaoiniú a aimsiú chun nuachóiriú a dhéanamh ar an gcéad urlár mar áit le haghaidh taispeántas poiblí. San áireamh ansin beidh deisiúcháin ar thúr an chloig, ar an díon agus ar shíleálacha an chéad urláir.



Oifigí ina Comhairle, Sráid an Aonaigh

I Márta 2013 bhronn Comhairle Buirge Dhroichead Átha an Conradh dearaidh maidir le hAthfhorbairt agus Athchóiriú Oifigí Chomhairle Buirge Dhroichead Átha ar Michael Collins Associates Architects (MCA). Tá an réamhdhearadh á ullmhú faoi láthair le cur faoi bhráid na Comhairle.



TITHÍOCHT & POBAIL

'Pobail inbhuanaithe a éascú trí chóiríocht a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais an uile dhuine trí phróiseas pleanála pobail.'

Measúnú ar Riachtanais Tithíochta

Ag deireadh na bliana 2013 bhí 940 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Contae Lú, 1580 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 1656 iarratasóir ar liosta tithíochta Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

Soláthar Tithíochta

Bainistítear an soláthar tithíochta trí Phlean Gníomhaíochta um Thithíocht Shóisialta agus Inacmhainne mar a aontaíodh leis an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil.

- I gcás Chomhairle Contae Lú le linn 2013, leanadh ar aghaidh le forbairt tithíochta ag Bóthar Ghort na Mara, na Creagacha Dubha, agus cuireadh oibreacha ag Meille, Droichead Átha i gcrích.
- B'éigean athruithe a dhéanamh ar an mbeartas tithíochta ar leibhéal náisiúnta ó tharla an cúlú sa gheilleagar in 2008 Is lú an bhéim anois ar thithíocht shóisialta a sholáthar trí fhoirgníocht nua a mhaoiniú.
- Dírionn beartas an Rialtais anois ar thithíocht shóisialta a sholáthar trí shocruithe léasa le húinéirí réadmhaoine agus le forbróirí a bhfuil stoc tithíochta neamhdhíolta acu.

Tithíocht Shóisialta

Ag deireadh 2013

- bhí 958 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Contae Lú,
- 1,3203 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Buirge Dhroichead Átha agus
- 1,427 aonad tithíochta sóisialta ag Comhairle Baile Dhroichead Átha.

Tithíocht Inacmhainne

Tá an t-éileamh ar thithíocht inacmhainne laghdaithe go hiomlán le roinnt blianta anuas agus níor díoladh aon teach inacmhainne le linn 2013.

Tiontaíodh sé aonad inacmhainne agus fiche go haonaid shóisialta i dtreo dheireadh 2009 agus tiontaíodh ceithre aonad eile den chineál céanna i nDún Dealgan in 2011. Lena chois sin, tugadh 30 aonad acmhainne neamhdhíolta sa Chontae agus 24 aonad den sórt céanna i nDún Dealgan ar cíos don earnáil dheonach tithíochta go ceann tréimhse cúig bliana lena ligean le tionóntaí atá ar liostaí feithimh údaráís áitiúil.

Tithíocht Dheonach

Tá taifead den scoth ag Údaráís Áitiúla Lú i dtaca le dul i mbun oibre le comhlachtaí deonacha chun aonaid tithíochta deonacha a sholáthar. Tá 765 aonad tithíochta dheonacha ann sa Chontae, 362 acu siúd atá laistigh de limistéar Comhairle Baile Dhún Dealgan; 283 atá laistigh de limistéar Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus 120 atá laistigh de limistéar na Comhairle Contae

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)

Tionscnamh a riarann údaráís áitiúil chun tacú lena gcláir tithíochta sóisialta is ea an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS). Faoin scéim tugtar cóiríocht phríobháideach ar

ardchaighdeán ar cíos do thionóntaí cáilithe (daoine a bhfuil cearta buana cónaitheachta acu sa Stát agus a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach agus atá ag fáil an Fhorlíonta Chíosa le breis is 18 mí). Faigheann tuairim is 2,800 duine i Lú an forlíonadh cíosa i láthair na huaire. Díobh sin, bhí sé á fháil ag 1,401 duine le breis is 18 mí amhail ag deireadh 2013.

Ag deireadh na bliana 2012, bhí 196 réadmhaoin i RAS i Lú.

Scéimeanna Léasaithe Sóisialta

Forlíonadh ar an Scéim um Chóiríocht ar Cíos is ea na scéimeanna seo a leanas:

- Scéim léasaithe rialtais do thithe inacmhainne neamhdhíolta (tugtar na tithe sin ar léas do chumainn deonacha tithíochta ar feadh tréimhsí suas le cúig bliana, agus tairgtear iad ar cíos do theaghlach ó liosta feithimh údaráis áitiúil ar an mbonn cíosa céanna le tithe údaráis áitiúil) agus
- Tionscnamh léasaithe fadtéarmach (a mhaireann 10-20 bliain) faoin léasaítear réadmhaoin ón earnáil phríobháideach (ráthaítear na cíosanna do thréimhse iomlán na léasa, ach bíonn siad faoi réir athbhreithnithe ag brath ar choinníollacha an mhargaidh) agus úsáidtear é chun áit chónaithe a sholáthar do theaghlach ó liostaí feithimh údaráis áitiúla. Leithdháilfear réadmhaoin de réir scéimeanna leithdháilte údaráis áitiúil, agus is é an t-údarás áitiúil a dhéanfaidh iad a bhainistiú, a árachú agus a chothabháil.

Cíosanna Tithíochta

Foráiltear sa Scéim Cíosanna Tithíochta le haghaidh cíosanna bunaithe ar ioncam agus athbhreithnítear an scéim gach bliain. €25 sa tseachtain ar a laghad a íoctar i gcíosanna difreálacha.

Cothabháil agus Feabhsú an Stoic Tithíochta

- Fuarthas 646 iarratas in 2013 ar chothabháil do stoc tithíochta sóisialta atá anois ann i gceantar Chomhairle Contae Lú, agus bhí gach ceann díobh seachas 10 gcinn réitithe ag deireadh na bliana.
- Rinneadh nuachóiriú ar 53 teach i gceantar an chontae in 2013 tar éis imeacht na dtionóntaí.
- Fuair Chomhairle Buirge Dhroichead Átha 2, 558 iarratas ar chothabháil ar an stoc tithíochta a bhí ann cheana, agus bhí 255 díobh sin fós le réiteach ag deireadh na bliana. Rinneadh nuachóiriú ar 68 teach i gceantar Dhroichead Átha in 2013 tar éis imeacht na dtionóntaí.
- Fuair Chomhairle Bail Dhún Dealgan 2, 051 iarratas ar chothabháil ar an stoc tithíochta a bhí ann cheana, agus bhí 64 díobh sin fós le réiteach ag deireadh na bliana. Rinneadh nuachóiriú ar 59 teach i gceantar an chontae in 2012 tar éis imeacht na dtionóntaí.

Rialú na gCaighdeán i dTithíocht ar Cíos

Comhthreomhar leis an bhforbairt beartais seo, tháinig rialacháin bhreise ar chaighdeán i réadmhaoin ar cíos i bhfeidhm le linn na bliana 2009 leis na dátaí tús feidhme seo a leanas:

- 1 Feabhra 2009 i gcás na Rialachán Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos) 2008 agus
- 1 Nollaig 2009 i gcás na Rialachán Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos) (Leasú) 2009.

Socraíonn na rialacháin íoschaighdeán riachtanacha le haghaidh inter alia, staid struchtúrach réadmhaoine (Airteagal 5 de na rialacháin); Áiseanna Sláintíochta (Airteagal 6); Áiseanna Téimh (Airteagal 7); Ullmhú & Stóráil Bia agus Neachtlan (Airteagal 8) agus Aerú (Airteagal 9). Ní bheidh feidhm ag airteagail sé go hocht i dtús báire ach amháin maidir le tionóntachtaí nua agus tiocfaidh siad i bhfeidhm do thionóntachtaí atá ann anois ón 1 Feabhra 2013. Rinneadh 500 cigireacht le cois sa réimse seo in 2012.

Bainistíocht Eastát

Is é aidhm beartas bainistíocht eastát Údarás Áitiúla Lú (Comhairle Contae Lú, Comhairle Baile Dhún Dealgan agus Comhairle Buirge Dhroichead Átha) bainteacht tionóntaí le bainistiú eastáit údarás áitiúil a chur chun cinn agus a éascú. Chun bainteacht leanúnach tionóntaí a mhisiú, cuirtear tacaíocht ar fáil trí scéimeanna agus tionscnaimh éagsúla deontais agus trí theagmháil leanúnach leis na hOifigigh Teagmhála do Thionóntaí. In 2012, chuimsigh an tacaíocht sin trealamh lomtha féir agus garraíodóireachta a sholáthar chun go bhféadfadh cónaitheoirí a n-eastát féin a chothabháil agus a fheabhsú. Tá tionscnaimh fhrithdhumpála – araidí pobail bruscair agus trealamh piochta bruscair a sholáthar, feachtais ghlantacháin in eastáit, agus tírdhreachú – tugtha isteach chun dreach na n-eastát a fheabhsú. Déanann Oifigigh Teagmhála do Thionóntaí cigireachtaí tithe, leis, le cinntiú go bhfuil tithe aonair á gcothabháil go caighdeán cuí agus cuirtear tacaíocht ar fáil do thionóntaí, más gá. Faigheann gach tionónta i dtionóntacht de chuid na Comhairle oiliúint réamhthionóntachta chun an t-eolas cuí a chur ar fáil dóibh agus a fhreagrachtaí mar thionóntaí a chur ar a súile dóibh. Déantar cigireacht ar gach leithdháileadh tithíochta de chuid na Comhairle tar éis sé mhí le cinntiú go bhfuil dea-chaighdeán á gcoimeád agus chun aon fhadhb a aithint go luath.



Grúpa Plandaithe agus △



◁ *Glantacháin an tSeandroichid*

Taispeántar sa tábla thíos an ghníomhaíocht maidir le bainistíocht ghinearálta ar eastáit i gContae Lú in 2013.

	CCL	CBDD	CBDÁ	IOMLÁN
<i>Oiliúint Réamhthionóntachta</i>	84	106	73	263
Cigireachtaí Tionóntachta (Tithe)	215	328	356	899
IOMLÁN	299	434	429	1162

Oibríonn Údarás Áitiúla Lú as láimh a chéile le cumainn tithíochta bunaithe agus féachann siad le grúpaí cónaitheoirí a bhunú i gceantair ina bhfuil easpa grúpaí dá sórt, go háirithe in eastáit nua tithíochta. Cuireadh eagrán nuashonraithe de lámhleabhar na dtionóntaí ar fáil in 2013. Uirlis thagartha an-úsáideach do thionóntaí atá ann, agus cuirtear cóip ar fáil do gach tionónta ag tús na tionóntachta.

Iompar Frithshóisialta

Téann ÚÁL i ngleic le hiompar frithshóisialta in eastait tithíochta, i dtithe agus ar láithreacha dá chuid tríd an Straitéis um Iompar Frithshóisialta a chur chun feidhme. Déanann ÚÁL gach gearán bailí d'iompar frithshóisialta a imscrúdú agus féadann sé céimeanna éagsúla de litreacha gearáin a eisiúint, Fógra Fágála a sheirbheáil nó iarratas a dhéanamh ar Ordú Eisiaimh as gabháil d'iompar frithshóisialta. Rinn ÚÁL 249 imscrúdú in 2013 maidir le hiompar frithshóisialta mar a thaispeántar sa tábla thíos:

<i>Uimh.</i>	<i>Comhairle Buirge Dhroichead Átha</i>	<i>Comhairle Baile Dhún Dealgan</i>	<i>Comhairle Contae Lú</i>	<i>Iomlán</i>
Gearáin imscrúdaithe	106	67	76	249
Ní gá gníomhú	51	41	36	128
Rabhaidh ó bhéal	24	10	22	56
Rabhaidh Scríofa	31	16	18	65
Iarratas ar Ordú Eisiaimh	1	0	0	1

Féadann údarás tithíochta diúltú áit chónaithe a leithdháileadh ar dhuine nó an leithdháileadh a chur siar má mheasann an t-údarás go bhfuil an duine ag gabháil d'iompar frithshóisialta, nó gurbh amhlaidh roimhe seo, nó má mheastar nach rachadh sé chun leasa dea-bhainistiú eastát áit chónaithe a leithdháileadh ar an duine sin. Faigheann ÚÁL imréiteach an Gharda maidir le gach iarratasóir ar thithíocht sula leithdháiltear tithíocht shóisialta. In 2013 chuir ÚÁL leithdháileadh tithíochta siar i gcás 9 n-iarratasóir ar thithíocht i ngeall ar ghabháil d'iompar frithshóisialta mar a thaispeántar sa tábla thíos.

<i>Uimh.</i>	<i>Comhairle Baile Dhroichead Átha</i>	<i>Comhairle Baile Dhún Dealgan</i>	<i>Comhairle Contae Lú</i>	<i>Iomlán</i>
Leithdháileadh tithíochta curtha siar	7	1	1	9

(Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)

Clár RAPID – DÚN DEALGAN

Bhí Clár RAPID Dhún Dealgan an-ghnóthach le bliain anuas, agus é dírithe ar lánpháirtíú, ar cheannaireacht agus ar infheistíocht nua. Tríd an obair a rinne Foireann Fheidhmiúcháin Ceantair RAPID Dhún Dealgan tugadh roinnt beart chun críche sa dá cheantar RAPID i nDiméin Cox agus i Muirtheimhne Mór Is iad na fóraim eile atá ag díriú go gníomhach ar bhearta lánpháirtíochta pobail i gceantair RAPID ná Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan agus an Grúpa Forbartha do Chiste Áiseanna agus Seirbhísí na nÓg, agus is é comhordaitheoir RAPID a éascaíonn an dá ghrúpa.

Na hÉachtaí in 2013

- Chuaigh Tionscadal Dhún Dealgan na mBlianta Dochreidte agus a chuibhreannas de ghrúpaí nua ó neart go neart agus fuair €1.54 milliún de mhaoiniú chun an clár a leathnú go réamhscoileanna i Lú, faoi Genesis, ar tionscnamh óige ceantarbhunaithe é.
- Tá Tionscnamh Áitiúil Oiliúna i Muirtheimhne Mór - Tionscadal Comhshaoil agus i nDiméin Cox faoi choimirce DKIT, le tionscadal sna meáin chruthaitheacha - 'CREATE'.
- Reáchtáladh campa Cásca Sacair RAPID agus craobhchomórtas Futsal, agus craobhchomórtais tráthnóna Buail Isteach.
- Tá an obair ar siúl le cónaitheoirí i gcónaí faoin gclár um athghiniúint shóisialta, i bhfoirm thionscadail éagsúla.
- Tá caidreamh ar siúl i gcónaí faoi bhainistíocht eastát le grúpaí cónaitheoirí ó cheantair RAPID agus le hardfhoireann Chomhairle Baile Dhún Dealgan.

Grúpa Forbartha Dhún Dealgan le haghaidh an Chiste Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga

Cuimsíonn Grúpa Forbartha Dhún Dealgan comhordaitheoir NERDTF, arb é an cathaoirleach é, mar aon le comhordaitheoir RAPID Dhún Dealgan agus le hOifigeach Forbartha Óige Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú na Mí (LMETB). Tá Dún Dealgan ar cheann de na bailte a ainmníodh mar Bhaile Nua; díríonn an tionscnamh seo ar dhaoine óga idir 10-21 bliain, ar fud bhaile Dhún Dealgan. Fuarthas maoiniú in 2013 ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige trí Chumann Sacair na hÉireann le haghaidh clár imeachtaí spóirt, clár a chuimsigh campaí cásca, samhraidh agus idirchultúrtha agus comórtais Futsal um thráthnóna a cuireadh ar siúl i gcomhar leis an nGarda Síochána. Ba é príomhthionscadal Ghrúpa Forbartha Dhún Dealgan an fhorbairt atá ar bun ar Ionad Óige Dhún Dealgan, ina bhfuil an t-aon Caifé Óige i nDún Dealgan. Cuirtear roinnt clár sna meáin chruthaitheacha, i gceol agus i bhfeasacht óige/drugaí ar fáil mar aon le hidirghabhálacha comhairleoireachta, agus tá naisc cruthaithe le seirbhís chomhairleoireachta FSS maidir le handúil agus le tionscadail de chuid an NERDTF.

▷
RAPID
Rannpháirtithe sa
Champa
Samhraidh



Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan

Grúpa idirghníomhaireachta is ea Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan a bhí curtha ar bun ag Comhairleoirí Bhaile Dhún Dealgan i 2007 agus is é freagairt an údaráis áitiúil do na drugaí atá ag scriosadh ár bpobal Rinne an grúpa Ollscoil na Banríona, Béal Feirste a choimisiúnú chun tuairisc a chur le chéile maidir le mí-úsáid drugaí agus le soláthar seirbhísí drugaí i nDún Dealgan dar teideal "Feabhas a chur ar Fhreagairt an Phobail do Dhrugaí". Rinne **Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan** na 15 mholadh sa tuairisc a spíonadh agus tá sé ag cur **6 ghníomh tosaíochta** faoi chaibidil i láthair na huaire i dtaca le 2010-2013; cuimsíonn an saothar seo beartais a bhfuil géarghá leo ar nós beartais laghdaithe dochair, áiseanna tacaíochta níos fearr do theaghlaigh, grúpaí tacaíochta de réir inscne, agus áiseanna pobail agus cónaithe díthocsainithe/cóireála i nDún Dealgan. Baineadh amach roinnt de na beartais seo agus leanann an grúpa de theacht le chéile gach ré mí d'fhonn fadhb na ndrugaí a choinneáil i mbéal an phobail agus na gníomhaireachtaí reachtúla, pobail agus deonacha a choimeád páirteach

Príomhghnóthachtálacha

- De thoradh ar an athghiniúint shóisialta atá ag titim amach faoi chlár athghiniúna uirbí CBDD agus faoi chlár RAPID, fuarthas cistiú chun oibrí páirtaimseartha for-rochtana drugaí a fhostú le haghaidh limistéar RAPID. Diméin an Choscaigh Is é ról an oibrí seo ná tacaíocht dhíreach a chur ar fáil sa bhaile agus ar an tsráid d'úsáideoirí na seirbhíse agus dá muintir, daoine a chaithfidh plé le handúil sna drugaí.
- Léiríonn leathnú na hÁise Pobail um Dhithocsainiúcháin ó Alcól chuig beinsidhé-asaipín an méadú atá tagtha ar úsáid drugaí inár bpobail. Thacaigh Grúpa Gníomhaíochta Drugaí Dhún Dealgan le hobair Sheirbhísí Comhairliúcháin TURAS agus Chlann Shíomóin Dhún Dealgan chun an tsaoráid nua seo a bhunú.
- D'éirigh go maith leis an gCúrsa Staidéir Pobail um Andúil a cuireadh ar fáil in 2013, do dhaoine atá ina gcónaí i bpobail áitiúla nó ag obair leo agus ar mian leo a bheith níos éifeachtaí agus iad ag déileáil le fadhbanna druga agus alcóil.

▷
Daoine a ghlac páirt sa Chúrsa Staidéir Pobail ar Andúil ag fáil a gcuid teastas



Grúpa Idirghníomhaireachta maidir le Taistealaithe

Bunaíodh an grúpa idirghníomhaireachta seo in Aibreán/Bealtaine 2010 agus bhí cruinnithe rialta acu go dtí seo, chun a bplean oibre a chur chun feidhme. Rinneadh athbhreithniú ar an bplean oibre in 2012. Ní raibh ach cruinniú amháin ag an nGrúpa in 2013.

Sparánachtaí Oideachais

Rinne Comhairle Contae Lú, i gcomhar leis an Roinn Oideachais & Scileanna athbhreithniú ar an Scéim Sparánachta Oideachais le linn 2013. Ar an drochuair, cuireadh deireadh leis an scéim de bhrí nár réitigh sé le córas lárnach iarratais SUSI.

(Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)

Clár RAPID – DROICHEAD ÁTHA

Clár Síochána agus Athmhuintearais Lú

CCTV Pobalbhunaithe

Uasghrádaíodh gach suíomh le haghaidh CCTV pobalbhunaithe.

BÚMARANG: Seirbhís Ilfhreastail Óige

D'oscail an MéAra Richie Culhane Seirbhís Óige Búmarang i Meitheamh 2013.

Tar éis Deontas Caipitil Spóirt a fháil, tá teacht ar Ionad Pobail Dhroichead Átha anois ag daoine i gcathaoireacha rotha. Ceannaíodh trealamh eile don áis, leis. Is iad seo a leanas príomhúsáideoirí na háise:

- Club Lúthchleasaíochta Dhroichead agus an Cheantair Máguaird
- Club Lúthchleasaíochta na Bóinne
- Club Karate Dhroichead Átha
- Clúb Leanaí IWA
- Craobhchomórtas Leanaí Dhroichead Átha agus an Cheantair Máguaird
- Liathróid Láimhe Dhroichead Átha

Tá oibríthe TÚS freagrach as glanadh laethúil an áitribh i láthair na huaire.

Timpeallacht Fhisiceach

Leanadh de Thionscnamh Timpeallacht Phobail RAPID a oibriú go héifeachtach i seacht n-eastát RAPID agus cuirtear acmhainní ar fáil dó i gcónaí tríd an Scéim Tionscnaimh Fostaíochta d'oibríthe, trí Dheontais Taitneamhachta Chomhairle Buirge Dhroichead Átha agus Teach Pobail an Mhonaídh Mhóir.

Ag deireadh ag teach leis an gClár Forbartha Pobail i Ráth Maoláin thosaigh cónaitheoirí ó Gharrán na mBál, ó Ráth Maoláin agus ó Radharc Tredagh go príomha, ag obair le chéile chun an Líonra na dTithe Pobail a fhorbairt. Rinneadh é sin le tacú ó Chomhairle Buirge Dhroichead Átha/RAPID, Opal, Coiste Gairmoideachais Chontae Lú (Bord Oideachais agus Oiliúna Lú-na Mí anois), an Gníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh agus Comhpháirtíocht Leader Lú. Gníomhaíonn an Teach mar óstach do sheirbhís chomhairleoireachta teaghlaigh cé gurb é an tionscnamh 'Fás do Chuid Féin' a spreag an tionscadal gairdín is déanaí acu.

Tosaíodh ar thriail a bhaint as glasraí a fhás agus daoine a oiliúint chuige, agus anois is tionscadal gairdín é. Chuaigh baill den Teach ar turas go Gaillimh, le hurraíocht ón DBC agus ó Chomhpháirtíocht Leader Lú chun an méid atá ar siúl ansin, agus torthaí ar chomhoibriú, a fheiceáil. Mar aon leis an oiliúint leanúnach a chuirtear ar fáil go deonach, spreagtar Líonra na dTithe Pobail chun lánleas a bhaint as a dtimpeallacht agus as an spás oscailte ar leac an dorais acu.

Grúpa Oibre Oiliúna agus Oideachais RAPID

Bíonn cruinnithe rialta ag Grúpa Oibre Oiliúna agus Oideachais RAPID. Seo a leanas baill an ghrúpa:

- Comhpháirtíocht Leader Lú
- WALK
- Louth Employability
- TÚS
- An Roinn Coimirce Sóisialaí
- Institiúid Breisoideachais Dhroichead Átha
- Seirbhísí Ord Mhálta
- Forbairt Stíl Maireachtála
- Ionad Acmhainní Dhroichead Átha
- Seirbhísí Áitiúla Fostaíochta
- Bord Oideachais agus Oiliúna Lú - na Mí
- Ionad Saorálaithe Lú
-

Sláinte

Déanann Aonad um Chothú na Sláinte FSS obair den scoth in Eastáit RAPID. Chláraigh 200 teaghlach sa Mhónaidh Mór/Ráth Maoláin chun bheith páirteach sa Chomórtas do Theaghlaigh Saor ar Thoit 2013.

Cuireadh tús leis an gcomórtas an tríú seachtain de Mheitheamh agus mhair sé ceithre seachtaine. Cuireadh béim ar a dhainséaraí atá toit athlámhe agus an maitheas a dhéantar don tsláinte nuair a scoirtear den chaitheamh.

Ghlac 15 dhuine páirt i gcúrsa seachtaine ar Shlí Mhaireachtála Shláintiúil. I measc thopaicí an chúrsa bhí gníomhaíocht fhisiciúil, itheachán sláintiúil, sláinte na gcnámh, lipéadú bia agus bainistiú ar strus.

Bhí os cionn 300 teaghlaigh páirteach i ndruil dóiteáin pobail i Ráth Maoláin agus sa Mhónaidh Mór i nDeireadh Fómhair 2013. Chláraigh teaghlaigh chun féachaint an oibreodh n-aláirim dóiteáin i gcás dóiteáin.

I Meán Fómhair dhírigh Mí an Chroí de chuid Fhondúireacht Chroí na hÉireann – **Fíricí na Beatha** - ar shaill agus ar cholaistéaról; scaipeadh leabhráin eolais saor in aisce ar 250 teach agus bhí siad ar fáil, leis, ó Lionra Thithe Pobail Ráth Mhaoláin.

Tacaíocht do Theaghlaigh

Is pointe fócais i gcónaí é **CONNECT FRC** don uile dhuine in eastáit an Mhónaidh Mhóir, Pháirc agus Chéid Labhráis, in Ardán agus i gClós na Sceiche Gile agus sna Lia Beaga. Taobh amuigh den chlár fadréimseach samhraidh tugadh cúrsa nua isteach a bhuíochas ar chlár Dheontais Bheaga a fhaigheann maoiniú ó Chlár Shíochána agus Athmhuintearais Lú. Tá oiliúint phobail, choinbhleachta agus chothú na síochána á hóstáil ag Connect le cúpla seachtain anois. Díríonn sé ar shlite chun déileáil le coimbhleacht agus chun athrú dearfach a chur i gcrích sa saol mórthimpeall orainn. Cuirtear cláir tuismitheoireachta ar fáil i measc na seirbhísí ag 171 an Mhónaidh Mhór. Cuirtear tacaíocht chomhairleoireachta ar fáil in ionad buail isteach mar a mbíonn cabhair ar fáil ar

cheisteanna éagsúla ó fhoireann saineolaithe. Tá teacht ar fáil ar acmhainní oifige agus ríomhaire, leis, lena n-áirítear ríomhairí/idirlíon, teileafón, fótachóipeáil, scríobh litreacha, líonadh isteach foirmeacha, cuardach poist, CVanna agus iarratais ar phoist.

Cuireadh an triú **Clár um Theaghlaigh a Neartú** i gcrích in 2013 Féachann an clár seo le tacú le tuismitheoirí agus daoine óga trí chlár tacaíochta bunaithe ar scileanna do thuismitheoirí a chur ar fáil ina mbíonn idir thuismitheoirí agus dhaoine óga páirteach.

Fuarthas an maoiniú a bhuíochas ar chur chuige cuibhreannais le soláthraithe an chlár i nDún Dealgan. Ba é an dúshlán maoiniú a fháil le haghaidh 2014.

Cuireadh Clár na mBlianta Dochreidte ar fáil in ocht gcinn de scoileanna Dhroichead Átha agus téann sé chun leas scoileanna, an phobail, leanaí agus teaghlaigh i gcónaí. Fuair sé treisiú in 2014 nuair a cuireadh maoiniú suntasach ar fáil chun go bhféadfadh sé díriú ar cheantair spriocaimsithe eile sa chontae lasmuigh de Dhroichead Átha agus de Dhún Dealgan a bhuíochas ar thairiscint ó chuibhreannas ina raibh scoileanna, soláthraithe cúram leanaí, Coiste Cúram Leanaí Chontae Lú agus Comhpháirtíocht Leader Lú chuig an Roinn Sláinte agus Leanaí agus chuig Atlantic Philanthropies.

Oibríonn seirbhís thús sa saol Dhroichead Átha as an Lifestyle Centre agus tá sé ar fáil do theaghlach ar bith ar mian leo coinne a dhéanamh leis an ionad. Clár oiliúna do lucht luathfhágála na scoile ar mian leo gairmtheastas a fháil is ea an Clár Oiliúna um Stíl Mhaireachtála um Thacaíocht do Thuismitheoirí sna Déaga agus um Dhíriú ar do Thodhchaí.

OIDEACHAS

D'éirigh chomh maith sin le 'Droichead Átha ag Comhaireamh' gur chinn Coiste Scoileanna an Cheantair díriú ar mheabhairshláinte agus ar fheasacht a mhúscailt sa phobal, i dteaghlaigh agus i measc leanaí ar na meabhairshláinte atá ar fáil. Déanfar é i bhfoirm srath cainteanna agus comórtas ealaíne a mbeidh scoileanna DEIS ainmnithe páirteach ann. Mairfidh an dara céim den tionscadal go dtí 2015, céim ina mbaileofar cláir/modhanna dea-chleachtais chun díriú ar cheisteanna meabhairshláinte sa phobal agus sna scoileanna.

Piaroideachas agus Cosc Drugaí

Thacaigh Comhairle Buirge Dhroichead Átha leis an obair seo. Ceapadh an clár piaroideachais chun go bhféadfadh daoine óga foghlaim faoi fhéinmheas, faoi bhrú ó phiaraí, faoin gcaitheamh, faoi alcól agus faoi dhruagaí eile agus na héifeachtaí a bhíonn acu.

Tugann an stíl foghlama cascáide na modhanna agus na scileanna riachtanach do na piar-oidí le gur féidir leo an t-eolas seo a chur ar fáil dá bpiaraí chéad bliana.

I nDroichead Átha chuireamar oiliúint ar 26 mhac léinn ó Scoil Naomh Oilibhéar, ó Scoil Sheosaimh, na Glaschnoic, agus ó Scoil Graiméir Dhroichead Átha a chuaigh ar aghaidh chun oiliúint a chur ar 630 dalta chéad bliana agus 140 dalta bunscoile ó Scoil San Pól, Cnoc Mhuire, Scoil Eoin agus Scoil Náisiúnta na mBráithre Críostaí.

IOMPAR & MUIRÍ

'Líonra bóithre ar ardchaighdeán a choimeád, líonra a éascaíonn córas iompair nuaimseartha atá inrochtana, sábháilte, cliste agus comhtháite agus a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir an chontae.'

IOMPAR

Cothabháil Geimhridh

Bhí an t-earrach déanach in 2013 ionas gurbh éigean dul i gcabhair ar dhaoine 70 uair ag tús na bliana. 90 glao amach a bhí ann sa bhliain ar fad. Is mór an chreidiúint atá ag dul do mhuintir an cheantair agus don fhoireann amuigh as a dtréaniarrachtaí.

N53 Bhóthar Dhún Dealgan Bhaile na Lorgan

Tugadh Céimeanna I agus II den mhórscéim feabhsúcháin bóthair seo chun críche. Tá oibreacha ullmhúcháin ar siúl ar chonarthaí chun imscrúdú talún agus tochailt seandálaíochta a dhéanamh ar Chéim III ó Bhaile Pilib go Crois an Mhaoir agus tá próiseas pleanála Chuid 8 faoi lánseoil don chéim seo.

Cosán Cósta Chairlinn

Tógadh 300m de chosán nua, a chuireann feabhas ar ailíniú an bhóthair ag lúb dainséarach, agus cuireadh aon cheann déag de shoilse nua sráide ag Bóthar Ghan, Cairlinn san áireamh sa tionscadal. Fuarthas 100% de mhaoiniú an tionscadail seo ó phríomh-chomhpháirtithe Réigiún an Oirthir na Teorann tríd an Aontas Eorpach agus sruth maoiniúcháin INTERREG IVA.

Seachbhóthar N52 Bhaile Átha Fhirdhia

Rinneadh dul chun cinn le Imscrúduithe Seandálaíochta agus le hImscrúduithe Láithreáin in 2013. Tá réamhoibreacha dearaidh ar siúl agus tá doiciméid an chonartha le haghaidh conradh Dearaidh agus Tógála á n-ullmhú. Beidh an tionscadal seo ullamh do chéim na dtairiscintí a luaithe a bheidh maoiniú ar fáil.

Féarbhealach ó Chairlinn go hÓ Méith

Dhá chéim atá san Féarbhealach ó Chairlinn go dtí Ó Méith: Síneadh 3.6km d'fhéarbhealach atá i gCéim 1A, ina mbeidh conair do choisithe agus conair do rothair, idir Marina Chairlinn agus Cé Greer. Tá conraitheoir ceaptha i gcomhar le Scéim Seirbhísí Uisce. Síneadh 2km ó Ché Greer go hÓ Méith atá i gCéim 1B; meastar go gcríochnófar na hoibreacha seo in 2014.

Féarbhealach Chairlinn go hÓ Méith ▷



Féarbhealach Chairlinn go hÓ Méith ▾



Droichead an Uisce Chaoil

Shroich an tionscadal seo roinnt clochmhílte tábhachtacha i gcaitheamh na bliana, lena n-áirítear: Deonaíodh Litir Tairisceana faoi Chlár INTERREG le haghaidh €17.4 milliún.

Fuarthas 4 thairiscint bhailí don tionscadal. Bhronn Comhairle Contae Lú ceithre cinn de mhionchonarthaí, lena n-áirítear Imscrúdú láithreáin agus Seandálaíocht.

Ach de bhrí go raibh praghas an tairgtheora ar tugadh tús áite dó i bhfad níos airde ná an meastachán bunaidh, níorbh fhéidir linn an €14 mhilliún le cois de bhearna a líonadh.

An Crosbhealach Thuaidh agus Teach ar an bPort (Droichead Átha)

Cé nach bhfuil maoiniú ar fáil i láthair na huaire le haghaidh foirgníochta, leanadh de thalamh ar an bpríomhlíne a cheannach i gcaitheamh 2013. Arís, beidh an tionscadal seo ullamh do chéim na dtairiscintí a luaithe a bheidh maoiniú ar fáil.

Bealach an Chabháin Dhún Dealgan

Tá an obair ar siúl ar réamhdhearadh le haghaidh an bhealaigh seo, agus an Cabhán mar phríomh-chomhpháirtí. Tá staidéar deisce seandálaíochta ar siúl i láthair na huaire. Tá Roinn an Phortaigh Dheirg i Lú críochnaithe cheana féin, ach tabharfar faoi oibreacha eile ina ranna, de réir mar a thagann maoiniú le bheith ar fáil.

Bóthar an Stáisiúin R166

Is gá uasghrádú a dhéanamh ar an mbóthar seo, a nascann Mótarbhealach an M1 go Baile an Ghearlánaigh, chun roinnt de na lúbanna is measa a bhaint. Cuireadh tús in 2013 ar oibreacha chun na lúbanna a athailíniú ag Drom Leice.

An N1 ó thuaidh de Dhún Dealgan

Aistríodh an chothabháil ar an NI idir Bhaile Mhic Scanláin agus an Teorainn i lár 2013 go conraitheoir príobháideach, GSJ, a cheap an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta tar éis próiseas tairiscintí.

Scéimeanna um Bainteacht Pobail

Chuir an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt €393,320 ar fáil le haghaidh scéim nua bainteachta pobail chun oibreacha cothabhála a dhéanamh ar bhóithre áitiúla triaracha. D'oibrigh na hInnealtóirí Ceantair le grúpaí áitiúla chun na scéimeanna a chur ar aghaidh.

Ceantair Lú Theas

Chuir limistéar cónasctha Lú Theas agus Comhairle Buirge Dhroichead Átha an clár cothabhála geimhridh agus an clár bliantúil oibreacha bóithre i gcrích. I measc na n-oibreacha athchóirithe ar tugadh fúthu, bhí clár cóirithe dromchla sa cheantar tuaithe, clár athdhromchla in eastáit chónaitheacha, mar aon le méid mór deisiúchán ar chosáin sa bhaile. Cuireadh isteach soilse tráchtá ag Acomhal Ghleann na Bóinne R123 faoin gclár bearta sábháilteachta ar ísealchostas agus rinneadh bearta sábháilteachta bóthair ag R132, Mol Airí. Tógadh timpeallán nua ag achomhal Gharrán na Feá i nDroichead Átha. Rinneadh bacainní sábháilteachta a athsholáthar agus marcálacha nua bóthair a chur ar fáil ar an tslí isteach sa lúb ar an taobh ó dheas de Dhroichead na Síochána. Cuireadh stad an bhus ar fáil ag Sráid Sheoirse atá inrochtana go hiomlán.

Rinne an Chomhairle oibreacha cothabhála ar bhóithre agus ar chosáin ar fud na Buirge, mar aon le trácht a bhainistiú agus carrpháirceáil a chur ar fáil.

MUIRÍ

Claifort Bhaile na Lorgan

Cheap Comhairle Contae Lú comhairleoir chun seirbhísí innealtóireachta agus comhshaoil a chur ar fáil i dtaca leis an suirbhé agus an measúnacht a bhí ndéanamh ar Chlaifort Bhaile na Lorgan mar chosaint in aghaidh tuilte. Ceapadh straitéis do bhainistiú an mbaol tuilte sa cheantar atá faoi chosaint an chlaifóirt i láthair na huairé. Fuarthas tuarascáil an chomhairleora cheana féin. Tá scéim le haghaidh formheasa tugtha chomh fada le Cuid 8. Níl aon mhaoiniú ar fáil i láthair na huairé don fhoirgníocht.

Cuan Áth na gCasán.

I láthair na huairé táimid ag feitheamh ar chinneadh ar iarratas ar cheadúnas úrthrá 10 mbliana chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí d'fhonn siolta atá cruinnithe i gceantar an chalafoirt a bhaint. Cuireann an siolta teorainn le cumas bád dul i mbeart ag an bpiara.

Calafort Cheann Chlochair

Tugadh oibreacha ar bhalla an chalafoirt chun críche i gcaitheamh 2013. Rinneadh bothanna agus caibinéid soláthar cumhachta ar bhonn réamhíochta a athsholáthar, leis.

Rinneadh an soilsiú ar an gcalafort istigh a athsholáthar le soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh agus a chomhlíonann na caighdeáin soilsithe riachtanacha.

Uisce, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála:

Chun soláthar a dhéanamh le haghaidh seirbhísí uisce agus dramhaíola ar ardchaighdeán chun riachtanais forbartha an chontae a chomhlíonadh agus an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna.'

COMHSHAOL

Rialú Madraí

Thóg an póna isteach 556 madra in 2013, ar tháinig úinéirí á mbaillú i 149 cás, agus fuarthas bailte nua do 340 madra eile trí charthanais áitiúla, go háirithe Madraí Dhún Dealgan. Ciallaíonn na figiúirí sin go bhfuarthas baile do 88% nach mór de na madraí a tugadh isteach sa phóna.

Ba é 5,525 líon na gceadúnas madra sa chontae in 2013, ar 300 ceadúnas de mhéadú é sin ar an mbliain roimhe. San áireamh san fhigiúir sin tá 7 gcinn de cheadúnais ghinearálta madra agus ceadúnas saoil amháin. Coinníodh ardsnacht ar mhadraí agus eisíodh 520 fógra pionóis shocraithe. Bhí líon na bpionós a íocadh ar an líon ab airde sa tír.

Rinneadh cigireacht agus clárú ar thrí cinn d'ionad pórúcháin madraí i gcaitheamh na bliana.

Rialú Capall

Bliain ghnóthach ab ea 2013 ó thaobh rialú capall. Tugadh 145 capall isteach sa phóna. Ní raibh ceadúnas ná micrishlis ar fhormhór na gcapall a tugadh isteach sa phóna agus níor fhéidir a fháil amach cé ar leo iad, mar sin. Staitisticí FPN, srl .mar chuid den tuairisceán bliantúil COH. Riachtanais nua ab ea iad seo i gcás capall a aisghabhadh ón bPóna. Bhí ar úinéirí pasanna bailí dá n-ainmhithe a thaispeáint mar aon le fianaise ar a nUimhreacha Clárúcháin Áitreabh Eachaí.



Sábháilteacht Bia

Mhéadaigh líon na n-ionad a ndéanann Comhairle Contae Lú cigireacht orthu de 1, de bhrí gur bunaíodh gléasra nua gearrtha feola amháin, rud a thug líon na n-ionad a ndéanann an roinn tréidliachta Lú cigireacht orthu go 13: 1 seamlas, 12 ghléasra ceadaithe gearrtha/cócarála feola agus 2 ghléasra feola cláraithe. Cuireann an contae seirbhísí cigireachta feola agus sábháilteacht bia ar fáil faoi chonradh seirbhís le hÚdarás Sábháilteacht Bia na hÉireann.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Comhshaoil & Uisce

Lean Rannóg Chomhshaoil Chomhairle Buirge Dhroichead Átha d'fheasacht chomhshaoil a chur chun cinn ar fud an chontae trí chlár chomhshaoil éagsúla ar nós an chlár deontas d'fhóntais, an Chomórtais Bhliantúil Áilleachta ar an mBóinn, tionscnaimh athchúrsála, srl. D'éirigh go maith le Droichead Átha arís i gcomórtais náisiúnta agus choinnigh sé an bonn óir i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachmhara. Tugadh faoi chrainn a chothabháil crann, fiailí a chur faoi smacht, féar agus fála a ghearradh chun an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus an bruscar a rialú.

Lean Comhairle Buirge Dhroichead Átha den líonra uisce agus draenála a chothabháil laistigh den bhuirg agus thug siad faoi chlár uileghabhálach chun monatóireacht agus deisiú a dhéanamh ar sceithí uisce.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN

Ba í 2013 an chéad bhliain iomlán inar cuireadh seirbhísí nua dóiteáin lánaimseartha i bhfeidhm i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha. Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú ar na struchtúir nua le linn 2013.

In 2013, lean an treocht anuas i nglanna amach éigeandála ar fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Éigeandála Chomhairle Contae Lú orthu. D'fhreagair Dún Dealgan 474 glao, d'fhreagair Droichead Átha 501 glao, agus d'fhreagair Baile Átha Fhirdhia, Cairlín agus Dún Léire 194 glao. Féach thíos sonraí na nglanna.

Laghdaigh líon na nglanna amach i gceantair thuaithe mar gheall ar laghdú mór ar dhóiteáin aitinn.

Cuireadh clár um shábháilteacht dóiteáin ag an mbaile ar fáil i mbunscoileanna Lú i gcaitheamh 2013.

Ní bhfuarthas fós an maoiniú a gheall an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun síneadh agus uasghrádú a dhéanamh ar Ionad Oiliúna Sheirbhís Réigiúnach Dóiteáin Dhún Dealgan, mar gheall ar chiorruithe i gClár Caipitil na Seirbhíse Dóiteáin. Fuarthas maoiniú le haghaidh feabhsúcháin níos lú, agus cuireadh i gcrích iad i Nollaig 2013.

Rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin cigireachtaí in 2013 ar fhoirgnimh árasán ardriosca, tithe altranas agus foirgnimh ina gcruinníonn an pobal agus cuireadh imeachtaí forghníomhúcháin i bhfeidhm nuair ba ghá.

Gach iarratas ar Dheimhniú Sábháilteacht Dóiteáin, phróiseáil an Rannóg um Chos Dóiteáin é, le méadú beag ar a líon ó 2012 i leith. Ar an tslí chéanna, phróiseáil an tOifigeach um Rialú Foirgníochta iarratais ar Dheimhniú um Rochtain do Dhaoine Míchumasaithe.

Rinneadh uasghrádú ar an limistéar tionóil i stáisiún dóiteáin Dhún Dealgan agus feabhsúcháin ar struchtúr an fhoirgnimh agus ar na seirbhísí.

D'eagraigh an tOifigeach Pleanáil Éigeandála cleachtadh comhshaoil cósta in 2013.

Ceapadh Christopher Connolly ina Oifigeach Cosanta Sibhialta agus tá tús curtha aige le clár oiliúna nua a chur i bhfeidhm.

SS/Animal Rescue	0	0	0	0	4		4
SS/Electrical	0	0	1	1	1		3
SS/Explosion	0	0	0	0	0		0
SS/Flooding/ Water Leak	0	1	1	5	3		10
SS/Garda Assist	0	3	0	1	4		8
SS/Gas Leak	0	3	0	3	7		13
SS/Hazardous Material	0	0	0	1	0		1
SS/Lift Persons Trapped	0	0	0	3	0		3
SS/Lockout	1	0	0	3	2		6
SS/Make Scene Safe	1	0	0	1	5		7
SS/Oil Spillage	1	0	0	2	1		4
SS/Other	0	0	0	4	6		10
SS/River Rescue	0	0	0	4	3		7
SS/RTA	13	4	6	34	37		94
SS/Smell of Gas	0	0	0	1	2		3
SS/Trees Down	1	0	0	4	4		9
Total no. of Incidents:	69	64	61	501	474		1169

Average no. of Incidents per Month (2012): 90.9

Average no. of Incidents per Month (2013): 97.4

Nótaí:

1. Líon na slógthaí: An méid amanna a slógadh gach feithicil ar iarratas ón Ionad Rialaithe Réigiúnach chuig teagmhas
2. Limistéar Freastail: Limistéar de Chontae Lú nó de Chontae na Mí inarb é fearas dóiteáin de gach ceann de chúig stáisiún dóiteáin Lú an chéad fheithicil freagartha
3. An tAm go dtí an Slógadh: An tAm idir an Am an Fholáirimh agus Am an tSlógtha
4. An tAga Freagartha: An t-am a thógann sé ó Am an tSlógtha go dtí an tAm i Láthair
5. ITB Imbhualadh Tráchta Bóthair
6. TTB: Timpiste Tráchta Bóthair (dála ITB)
7. SS: Seirbhís Speisialta

FORBAIRT EACNAMAÍOCH:

'Go n-aithnítear Lú mar láthair chéadrogha le haghaidh forbairt gheilleagrach, chultúrtha agus deiseanna oideachais a fhaigheann tacaíocht ó bhonneagar nua-aimseartha sofaisticiúil a thugann teacht éasca do chách.'

FÓRAM EACNAMAÍOCH LÚ

Is é Fóram Eacnamaíoch Lú, faoi cheannas Padraic White, earnáil ghnó Chontae Lú, bainistíocht na n-údarás áitiúil agus na ngníomhaireachtaí stáit uile a idirghníomhaíonn leo siúd a ghineann gníomhaíocht eacnamaíoch sa chontae. Is láthair ilfhreastail é le haghaidh infheisteoirí féideartha agus is é a chuspóir fás eacnamaíoch agus cruthú fostaíochta sa chontae a luasghéarú.



*Seoladh Plean Gníomhaíochta Thalmhaíochta,
Bia & Iascaigh Fhóram Eacnamaíoch Lú*

Tá deich gcinn de Réimsí Gníomhaíochta faoi chúram an Fhórait:
Infheistíocht Dhíreach Eachtrach; Fuinneamh Inbhuanaithe; Tionsclaíocht Dhúchasach;
Turasóireacht & Oidhreacht; Oideachas & Oiliúint; Gnó Aoisbháúil; Talmhaíocht, Bia agus Iascach;
An Contae is Fearr le Gnó a Dhéanamh Ann a Dhéanamh de Lú;
Leathanbhanda; Conair Eacnamaíoch Dhroichead Átha, Dhún Dealgan, an Iúir.

Bunaítear tascghrúpa i gcás gach ceann de na pleananna gníomhaíochta; ceaptar cathaoirleach agus comhaltaí a bhfuil an saineolas agus an leas ábhartha acu air.

Seo a leanas na rudaí a baineadh amach go dtí seo i gcás gach ceann de na pleananna sin:

Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

D'oibrigh Comhairle Contae Lú i gcomhar leis an IDA chun na cuideachtaí infheistíocht dhíreach eachtrach seo a leanas a mhealladh chun saoráidí a oscailt i Lú:

- PayPal / EBay (1000 post) Dún Dealgan
- Coca Cola (100 post) Droichead Átha
- Yapstone (120 post) Droichead Átha

Fuinneamh in-athnuaite

- Tá macasamhlú ar thionscadal iomlánaíoch 2020 Dhún Dealgan ar siúl i nDroichead Átha, i mBaile Átha Fhirdhia agus san Iúir.

- Tá Dún Dealgan á fhorbairt agus á chur chun cinn i láthair na huaire mar bhaile CLISTE.

Tionsclaíocht dhúchasach

- Bunaíodh Aonad Tacaíochta Gnó de chuid Údaráis Áitiúla Lú agus suíomh gréasáin ilfhreastail maidir le gnó: aithníodh foinsí malartacha maoinithe le haghaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide; cuireadh Dearbháin Nuálaíochta EI chun cinn, mar aon le cláir Cuir Tús le do Ghnó Féin, Clair um Fhorbairt Fiontair, Cláir um Zóin Fionnachtana.

Turasóireacht & Oidhreacht

- Leanúint de bheith ag obair i gcomhar le Comhairle Contae na Mí chun Gleann na Bóinne a chur chun cinn agus a mhargú mar cheann de phríomhchinn sprice na hÉireann.
- Rinneadh roinnt príomhthionscadal a fhorbairt agus a chur chun cinn, m.sh. Cuaille Múrna Sliabh gCuillinn, Oibriú cinn scríbe agus comhroinnt acmhainní le Comhairle Dúiche an Iúir agus Mhúrna
- Fuarthas maoiniú ó Fháilte Éireann, an Chomhairle Oidhreachta, INTERREG agus comhpháirtíocht Leader Lú le haghaidh tionscadal éagsúil.

Gníomhaíocht Talmhaíochta, Bia & Iascaigh

- Foilsíodh agus seoladh Plean Gníomhaíochta Talmhaíochta, Bia & Iascaigh

Oideachas & Oiliúint

- Bunaíodh Tascghrúpa Oideachais, Oiliúna agus Gnó d'fhonn dul i mbun oibre le lucht tionscail agus a chinntiú go sásaíonn céimithe na critéir riachtanach agus go mbíonn siad ullamh don tionsclaíocht.

Gnó Aoisbháúil

- Aonach Trádála Bliantúil do Thomhaltóirí Aoisbháúla
- Tá duaiseana ar fáil ó chumainn ghnó aoisbháúla.
- Cuireadh Uirlisí Úsáide Aoisbháúla píolótacha le haghaidh Gnó i bhfeidhm i mBaile Átha Fhirdhia ar mhaithe leis an gcéad bhaile aoisbháúil in Éirinn a dhéanamh den bhaile sin.

Leathanbhanda

- Tá an Plean Gníomhaíochta Leathanbhanda sa chéim deiridh anois agus déanfar é a fhoilsiú agus a sheoladh sa chéad ráithe de 2014.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha

Forbairt Eacnamaíoch:

I 2013, lean Comhairle Buirge Dhroichead Átha de sheirbhís phleanála dírithe ar an gcustaiméir a chur ar fáil don phobal, trí acmhainní a chomhdhlúthú agus trí nósanna imeachta a chaighdeánú. Rinneadh éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus cuireadh comhairle ghairmiúil ar fáil ar cheisteanna bonneagair a bhain le ceisteanna ag an gcéim réamhphleanála.

Rinne Comhairle Buirge Dhroichead Átha dul chun cinn le tionscadal pontúin d'árthaí pléisiúir i gcomhar le SEUPB d'fhonn buntáiste a bhaint as turasóireacht fhéideartha ar an mBóinn.

AN tAONAD TACAÍOCHTA GNÓ

“Tacóidh Aonad Tacaíochta Gnó Údaráis Áitiúla Lú le forbairt eacnamaíoch trí sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus trí thacaíocht a chur ar fáil do ghnólachtaí atá ann cheana agus do ghnólachtaí nua”

Ag éirí as Plean Gníomhaíochta Fhóram Eacnamaíoch Lú um Thionsclaíocht Dhúchasach, faoin gcuspóir "Tacú don Nuálaíocht i bhFiontair sa Mhargadh Intíre", bunaíodh an tAonad Tacaíochta Gnó chun feidhmiú mar tacú agus éascú a chur ar fáil do ghnóthais nua agus do ghnóthais a bhí ag feidhmiú cheana sa chontae.

Taifeadadh breis agus 60 cruinniú maidir le ceist gnó in 2013, agus d'fhreastail ball den Aonad Tacaíochta Gnó ar gach ceann díobh. Ina measc siúd bhí ceisteanna maidir le: pleanáil tráchtála, smaointe do ghnólachtaí nua, maoiniú, atreoruithe chuig gníomhaireachtaí eile a thairgeann tacaíochtaí agus gnáthchomhairle agus eolas gnó.

Fóram Gnó Aoisbháúil

Sraith tionscnamh is ea Plean Gníomhaíochta Gnó Aoisbháúil Lú, a chuireann Fóram Eacnamaíoch Gnó chun cinn chun áit a bhaint amach do Lú mar cheannaire ar fhorbairt gnó aoisbháúil, a chruthaíonn poist agus samhlacha nua fiontar solúbtha a chruthaíonn luach, a thacaíonn leo agus a choimeádann ann iad.

Is é Gavin Duffy, fiontraí, oiliúnóir meán agus láithreoir 'Dragon's Den' ar RTÉ, atá i gceannas ar Fhóram Gnó Aoisbháúil Lú. Bhí cruinnithe ag an bhfóram le linn 2013, agus tairgeadh Plean Gníomhaíochta Gnó Aoisbháúil agus leanadh den staidéar píolótach Gnó Aoisbháúil a chur ar fáil i gcomhar le pobal gnó Bhaile Átha Fhirdhia, an chéad bhaile gnó aoisbháúil in Éirinn.

- Chláraigh 36 cuideachta i mBaile Átha Fhirdhia le haghaidh scéim píolótach Ghnó Aoisbháúil Lú. Ba é Ionad Netwell/CASALA in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a bhailigh agus a rinne anailís ar na sonraí.
- In 2013, den chéad uair, catagóir i nGradaim Chumainn Gnó Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha ab ea 'Gnó Aoisbháúil'. Ba iad Good Morning Louth agus Myhomecare.ie na buaiteoirí faoi seach.
- In 2013, den chéad uair, catagóir i nGradaim Chumainn Gnó Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha ab ea 'Gnó Aoisbháúil'. Ba iad Good Morning Louth agus Myhomecare.ie na buaiteoirí faoi seach.

Turasóireacht

Bhí cruinnithe ag Fóram Turasóireachta & Oidhreachta Lú, faoi cheannas Ray Carroll, iar-Phríomhfheidhmeannach an Kildare Hotel, Spa and Country Club, i gcaitheamh 2013.

An Scéala is Déanaí ar Gníomhaíochtaí 2013

- Thug Údaráis Áitiúla Lú Scéim Cúnaimh d'Fhéilte agus d'Ócáidí isteach in 2010 chun tacú le feilte agus le hócáidí agus iad a spreagadh ar fud an chontae. Fuair 40

imeacht tacaíocht tríd an scéim seo i 2013, ar mhaithe le margaíocht agus cur chun cinn.

- Chuir an tAonad Tacaíochta Gnó 'Tionól 2013' ar siúl i gContae Lú, thar ceann Fháilte Éireann. Cláraíodh os cionn 110 imeacht i gContae Lú, agus leithdháileadh €55,000 ar imeachtaí éagsúla tríd an bpobal áitiúil agus ó Chistí ÁrachaisIPB.



△ Grúpa Stiúrtha Thionól Chontae Lú

- Ritheadh mórfhéilte éagsúla in 2012, a fuair cúnaimh airgeadais, lena n-áirítear an Tóraíocht Náisiúnta ar Leipreachán, Féile Samba Dhroichead Átha, Imeacht Loingseoireachta Thír na bhFinscéalta, Máirseáil na Tána, Féile ar an Imeall/Féile Muirí Dhroichead Átha, Scoil Samhraidh Thomas D'Arcy McGee agus Féile Ealaíon Droichead Átha.
- Leanadh de Lú a fhorbairt agus a chur chun cinn in 2013 mar cheann scríbe do shiúlóirí. Cuireadh Lúb Áth an Locháin leis na bealaí siúil a fhaomhann an Oifig na gCosán Náisiúnta i gContae Lú.
- I gcomhar le hearnáil turasóireachta Chontae Lú, cuireadh 'Lú, Tír na bhFinscéalta' chun cinn ag Seónna Holiday World i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste in Eanáir 2013 agus ag Meitheal, an t-aonach trádála turasóireachta i mó in Éirinn.



△ Michael Ring TD ag tabhairt cuairte ar Sheastán Lú, Holiday World – Eanáir 2013

- Eagraíodh Comhdháil Turasóireachta Trasteorann i gcomhar le EURES, inar díriodh ar thurasóireacht inbhuanaithe, i nDún Dealgan in Aibreán 2013. D'fhreastail os cionn 230 toscaire ar an gcomhdháil.
- Tugadh 'Cosán Cósta Chairlinn' sa bhaile mheánaoiseacha chun críche mar cheann de na tionscadail a maoiníodh faoi thionscadal Phlean Réigiún na Teorann Thoir um Fhorbairt na Turasóireachta, le cabhair ó INTERREG IV A, faoi bhainstíocht SEUBP..



△ *Cosán Cósta, Bóthar Ghan, Cairlinn.*

Geata Réigiúnach:

‘Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur i gceartlár Gheata Réigiúnach Chonair an Oirthir.

MEABHRÁN TUISCEANA IDIR ÚDARÁIS ÁITIÚLA LÚ AGUS COMHAIRLE DÚICHE AN IÚIR AGUS MHÚRNA

Leagtar sa Mheabhrán Tuisceana seo mionsonraí an Chomhaontais Straitéisigh idir Chomhairle Dúiche an Iúir agus Mhúrna agus Údarás Áitiúla Lú a fhéachfaidh le forbairt gheilleagrach agus iomaíochas an réigiúin a thacú agus a chur ar aghaidh.

Is iad seo na príomhthéamaí comhair:: Pleanáil Éigeandála, Fuinneamh In-athnuaite agus Teicneolaíocht Ghlas, Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire, agus Fás Inbhuanaithe Eacnamaíoch agus Cruthú Post.

Seo a leanas an dul chun cinn atá déanta go dtí seo:

FUINNEAMH IN-ATHNUAITE & TEICNEOLAÍOCHT GHLAS

CONCERTO/HOLISTIC - €10.5m - Tugtha chun críche

Fís i bpáirt ag pobail Dhún Dealgan, Modling agus Neuchatel mar aon le pobail bhreathnóireachta san Iúir, in Aachen agus in Aireacht na hIodáile um Chomhshaol agus um Chosaint na Talún agus na Mara, chun bheith nuálach sa tslí ina bhféachann siad le cleachtais agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe fuinnimh a chomhtháthú.

Roinnfear saineolas agus eolas ón tionscadal le pobail eile chun macasamhlú a éascú agus chun na spriocanna maidir le fuinneamh inbhuanaithe a bhaint amach.

An tÉiceamhol Cliste – €986k

Grúpa cuideachtaí fuinnimh in-athnuaite/inbhuanaithe agus teicneolaíochta glaine é, a oibreoidh as láimh a chéile chun an nuálaíocht agus an táirgiúacht a chur chun cinn, forbairt gnó nua, fás agus cruthú post a uasmhéadú agus dul i ngleic le slándáil agus le hinbhuanaitheacht fuinnimh ag an am céanna.

INDICATE - €2.9m

Tionscadal FP7 i gcomhar le IES chun uirlis chomhtháite pleanála uirbí a dhéanann cinntí a fhorbairt, ar a n-áireofar máistirphleanáil ailtireachta, barrfheabhsú mionsonraithe fuinnimh agus anailís chomhshaoil.

Tionscadal ISLES

Is tionscadal é ISLES (Staidéar ar Naisc Fuinnimh idir Éire agus an Albain) a fhéachann le foinsí fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, m.sh. fuinneamh na gaoithe, na dtonn agus na taoide a fhorbairt, agus trádáil i bhfuinneamh in-athnuaite a fhorbairt idir an Albain, agus Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.

Tionscadail Fhéideartha: Feirm Ghaoithe Oiriaila & Gaoth Chéad Eitilte

TURASÓIREACHT & CAITHEAMH AIMSIRE

Geothurasóireacht – €1.65m

Ceann scríbe uathúil geolaíoch: Sléibhte Chuailgne, Fáinne Cnoc Shliabh gCuillinn trasna Cairlinn, Lú, isteach i Ríocht Mhúrna.



◁
*Seoladh Thionscadal
Geothurasóireachta –
Caisleán Uidhilín
(Meitheamh 2013)*

Bád Fartha Gluaisteán an Ghrianfoirt go Caisleán na hOireanaí

Tá iarratas pleanála déanta ag Carlingford Ferries chuig Seirbhís Pleanála Thuaisceart Éireann agus chuig Comhairle Contae Lú.

Droichead Chaol Uisce

€17.4m de mhaoiniú faighte ó chlár INTERREG an AE trí SEUPB agus lánchead pleanála i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.

Bainistíocht Turasóireachta – €3.3m

Le tionscadail turasóireachta agus caitheamh aimsire féachtar le leas a bhaint as suíomh an réigiúin agus cur lena chumas infheistíocht agus cuairteoirí a mhealladh tríd an táirge turasóireachta a fhorbairt agus acmhainní a chomhroinnt. Cuireadh tacú ar fáil i Lú le haghaidh bealach siúil i gCairlín agus do phontún i nDroichead Átha. **(€600k CCL)**

FÁS EACNAMAÍOCH & CRUTHÚ FOSTAÍOCHTA INBHUANAITHE

Clár Plato – €664k

Clár meantóireachta ina n-oibríonn ardbhainisteoirí in eagraíochtaí móra ilnáisiúnta le fiontair bheaga agus mheánmhéide chun cabhrú leo a gcuid gnó a fhorbairt trí tháirgiúacht a mhéadú, trí mhargaíocht agus trí easpórtáil.

Clár na nEolaíochtaí Beatha – €508k

Seo braisle/líonra de chuideachtaí i slabhra soláthair na hearnála cógaisíochta agus eolaíochtaí beatha, ina gcuirtear comhoibriú agus comhaontuithe oibre idir na cuideachtaí éagsúla chun cinn.

Clár Aspire – €1.75m

Seo clár feabhsaithe gnó do chéimithe a chuirtear ar socrúchán i 60 cuideachta i réimsí áirithe riachtanais don chuideachta seo, leithéidí an mhargaíocht, an táirgeadh nó taighde & forbairt/nuáil i dtaca le táirgí nua. Gheobhaidh na céimithe £17,500 gach bliain.

Clár IOTA – €850k

Le Clár IOTA cuirtear clár trasteorann nuála ar fáil chun tacú le FBManna atá ann cheana agus le FBManna ionchasacha.

AN tÉICEAMHOL CLISTE



Imeacht bliantúil líonraithe Éiceamhoil Chliste – Ostán Carrickdale, an 4 Nollaig 2013. Ó chlé: David McDonnell Bainisteoir Éiceamhoil Chliste, Gary McDonald, Eagarthóir Gnó Irish News, Pat Gilroy CEO Dalkia UK & Ireland, Michael Curran Stiúrthóir Údaráis Áitiúla Lú, An Clr Declan Breathnach Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú

Is scátheagraíocht trasteorann don earnáil fuinnimh inbhuanaithe é an tÉiceamhol Cliste. Áirítear air gníomhaíochtaí a bhaineann le giniúint, stóráil agus tarchur fuinnimh agus teicneolaíochtaí gaolmhara Cleantech ar nós greillí cliste, rialuithe, ábhair agus próisis éifeachtúlachta fuinnimh. Is é misean na braisle fás eacnamaíoch agus cruthú fostaíochta a bhrú ar aghaidh trí chomhoibriú agus nuáil san earnáil fuinnimh inbhuanaithe chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a chur chun leasa margaí áitiúla agus margaí idirnáisiúnta. Trína líonra comhoibrítheach d'fhiontair bheaga agus mhóra, eagraíochtaí taighde acadúil agus gníomhaireachtaí rialtais áitiúil cuireann siad timpeallacht uathúil moil ar fáil chun sinéirge a aithint, deiseanna gnó a chruthú, saotharlanna beo a bhunú agus gníomhaíochtaí nuálacha a spreagadh. Go dtí seo tá 80+ cuideachta rannpháirteach sa tionscadal (sa raon ó mhicrifhiontair go cuideachtaí ilnáisiúnta) i 15 ceantar comhairle agus eagraíodh imeachtaí éagsúla sa réigiún chun cuideachtaí a mhealladh chun dul i mbun líonraithe le chéile agus i gcomhar ar chomhsmainte gnó.



An tÉiceamhol Cliste ar taispeáint ag an SeóFuinnimh RDS BÁC 2013 Ó chlé: Pat Rabbitte TD Aire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, Derek Roddy CEO Climote, Clive Gilmore agus Dennis Nordon, Comh-bhunaitheoirí Hanley Energy



Fuair an tÉiceamhol Cliste maoiniú ó INTERREG IVA den AE agus bainistítear é faoi choimirce 15 cinn d'údaráis áitiúla de réigiúin na Teorann Thoir agus COMET i gcomhar leis na comhpháirtithe réigiúnacha acadúla Belfast Metropolitan College, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Coláiste Réigiúnach an Deiscirt, Coláiste Réigiúnach an Oirdheiscirt, Ollscoil Uladh agus an tIonad um Iomaíochas.

PEACE III

Cuireadh tús i bhfómhar 2011 le tabhairt isteach Chéim 2 de Chlár PEACE III (Plean Síochána agus Athmhuintearais Lú). Ceapadh aidhmeanna agus cuspóirí an phlean do Chontae Lú chun riachtanais síochánaíochta Chontae Lú, mar a cuireadh in iúl iad sa phróiseas comhairliúcháin, a léiriú. Ba ag an gcéim seo a aithníodh na haidhmeanna agus na cuspóirí – ceithre cinn de thosaíochtaí straitéiseacha atá i gcroílár an phlean straitéisigh:

1. An tSíochánaíocht a Dhaingniú i measc na nDaoine Óga againn
2. Cumas Spriocghrúpaí PEACE III a fhorbairt
3. Pobal Éagsúil Lú a Cheiliúradh
4. Idirphlé pobail agus forbairt caidrimh a éascú

Bronnadh conarthaí agus tograí seachadta na gcomhpháirtithe go luath in 2012 agus is 31 Nollaig 2013 an dáta críochnaithe. In imeacht 18 mí rinneadh mórchuid oibre agus sáraíodh na spriocanna i gcásanna áirithe.

Imeacht Cultúrtha Indiach, Droichead Átha

Tugadh raon leathan deiseanna do dhaoine óga machnamh a dhéanamh ar thionchar na coinbhleachta agus a thábhachtaí atá an t-idirphlé, an comhoibriú agus meas a léiriú ar thuairimí daoine eile. Moladh Tionscadal Aftermath as an gcaidreamh oscailte a cuireadh chun cinn le daoine óga a bhí buailte go díreach ag an gcoinbhleacht i dTuaisceart Éireann agus as

inimirceoirí a tháinig slán as coinbhleachtaí le deireanas a chur san áireamh ann. Beidh sé níos fusa ar ár bpobal beomhar de náisiúnaigh nach Éireannaigh iad an ceann is fearr a fháil ar a bhfadhbanna féin de bharr an obair a rinneadh chun aon rian de chultúr ciníochais agus seicteachais a chloí. Treisíodh an obair seo trí dhíriú ar cheannairí sa tsíochánaíocht a chothú i bpobail áitiúla. Críochnaíodh Halla Wellington in 2013 agus beidh sé mar phointe fócais chun an dea-chaidreamh a cothaíodh le linn na céime seo de PEACE III a choimeád ag imeacht.



Fuarthas 11 ghrúa beag deontas in 2013, agus tugadh an ghníomhaíocht tionscadail ar fad chun críche, d'ainneoin a laghad ama a bhí againn. Le Deontais Bheaga bíonn ar chumas grúpaí áitiúla díriú ar fhadhbanna seicteachais agus ciníochais ar an leibhéal áitiúil. Chlúdaigh na tionscadail a cuireadh ar fáil in 2013 raon leathan gníomhaíochtaí agus cuireadh an-spéis iontu ar fud an chontae. Mar shampla, mheall an Taispeántas

Anne Frank agus You sa leabharlann contae 12,000 cuairteoir agus d'fhoilsigh Tionscadal HORCID lontaobhas Sibhialta Dhroichead Átha leabhar ceannródaíoch dar teideal 'History of Religious and Cultural Integration in Drogheda'. I measc na dtionscadal pobalbhunaithe bhí 'Scéalta Taistealaithe tríd an gCeardaíocht' a thug Taistealaithe ban le chéile chun páirt a ghlacadh i gcúrsaí inar nascadh teicstílí agus gúnadóireacht le scríbhneoireacht agus scéalaíocht. Scrúdaigh 'Tionscadal Réiteach Coinbhleachta agus Síochánaíochta an Mhonaigh Mhóir' in Ionad Acmhainne Teaghlach an Mhonaigh Mhóir coincheapa maidir le coinbhleacht, féiniúlacht, éagothroime, éagsúlacht agus gníomhaíochas polaitiúil. Thairbhígh daoine óga ar fud an chontae de Chlár na nDeontas Beag.



Fiontraíthe Eitneacha

In 2013, chruthaigh an Tionscadal um Líonrú ar son na Síochána ina uirlis mhórluachmhar de chlár PEACE III Lú trí ghníomhairí seachadta an tionscadail agus daoine ar spéis leo an tsíocháin a chur chun cinn i Lú agus trasna na Teorann a thabhairt le chéile. Ba mhór an chabhair iad roinnt imeachtaí taispeána, seimineár ar chomhtháthú agus cúrsa dar teideal "Eolas a Chur ar d'Institiúid" agus na seisiúin éagsúla líonraithe in 2012/2013 chun tuiscint a fháil ar thionchar coinbhleachtaí.



An tAonad um Pleanáil Todhchaí, Caomhnú & Oidhreachta

Cuireann an tAonad um Pleanáil Todhchaí, Caomhnú & Oidhreachta seirbhís ar fáil ar fud an chontae chun úsáid na talún a chur chun cinn agus a thacú. Tá freagracht ar an aonad as beartas agus creataí úsáid talún a dhréachtú de réir mar is gá faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010 (leasaithe). Ullmhaítear raon pleananna neamhrechtúla san aonad, leis, agus tá baint aige le tionscadail eile de chuid ina Comhairle. In 2013 áiríodh ar obair an Aonaid na nithe seo a leanas:

- Straitéis Bonneagar Glas Lú
- Straitéis Fuinnimh Inathnuaite Lú
- Straitéis Tithíochta Lú
- Straitéis Miondíola Lú
- Fís Uirbeach Iarthar Dhún Dealgan (Páirc Aisling) Éagsúlú Uimh 3 ar Phlean Forbartha Dhún Dealgan & a Purláin 2009-2015 Glactha
- Creatphlean na gCreagacha Dubha agus Bhaile Hagaird
- Straitéisí Siúil agus Rothaíochta Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia
- Creatphlean Dearadh Uirbeach Dhroichead Átha
- Athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae Lú 2009-2015 agus tús curtha le Plean Forbartha Contae Lú 2015-2021
- Ráiteas Deireadh Shráidbhaile Uí Mhéith
- Creatphleananna do Cheantair Charachtair Dhroichead Átha
- Comhráite le Comhairle Dúiche an Iúir agus Mhúrna maidir le a indéanta a bheadh 'Mórbhealach Glas Thoir'.
- Iarratais ar mhaoiniú a ullmhú le haghaidh Síneadh ar Fhéarbhealach Chuailgne

Caomhnú

Cuireann an tOifigeach Caomhnúcháin comhairle ghairmiúil ar fáil don Chomhairle agus don phobal ar nithe a bhaineann leis an oidhrecht tógtha. Tuairiscíonn sé ar iarratais phleanála a mbeadh tionchar acu ar an oidhrecht ailtireachta. Ar na príomhthionscadail in 2013 bhí bainistiú an tsrutha maoinithe do Struchtúir i mBaol a chuir maoiniú ar fáil d'Eaglais na hÉireann Naomh Rónáin Droim Ineasclainn agus do Theach Rathescar, Dún Léire.

Oidhrecht

Déanann an tOifigeach Oidhreachta an oidhrecht áitiúil a bhainistiú agus a chur chun cinn agus cabhraíonn chun an oidhrecht a fhorbairt mar acmhainn don chontae agus dá phobal. Ar na rudaí a baineadh amach in 2013 bhí folachán éanbhreathnóireachta agus painéil faisnéise a sholáthar ag Faiche na Lorgan, tús a chur le Plean Oidhreachta Lú nua, obair ar phleananna um fheabhsú na bithéagsúlachta agus Suirbhé Geolaíoch ar Lú, an Cabhán & Muineachán

Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht:

“Beidh na healaíona, an cultúr agus an fhóillíocht mar bhonn taca le cáilíocht na beatha i gcás daoine aonair agus pobail sa chontae.”

CreateLouth, Seirbhís Ealaíon Údaráís Áitiúla Lú, in 2013



Chuir an tSeirbhís Ealaíon gníomhaíochtaí éagsúla ar fáil in 2013 agus iad uile ailínithe le cúig cinn de mhór-réimsí oibre – na hEalaíona Forbraíocha agus Pobail, Deontais agus Duaiseanna, Faisnéis agus Comhairle, Clárú Ealaíonta, agus Ionadaíocht agus Pleanáil. Seo thíos samplaí de na gníomhaíochtaí sin:

Ealaíona Forbraíocha agus Pobail

Tá trí cinn d'amharclanna óige i Lú. Tagann na baill le chéile gach seachtain chun dul i mbun ceardlanna, foghlaim, agus míreanna amharclainne ar stíleanna éagsúla a cheapadh. Chomh maith le tacú le hamharclanna aonair óige, d'eagraigh an tSeirbhís Ealaíon seimineár lae do bhaill agus do cheannairí na n-amharclann óige ar fud an chontae, i nDroichead Átha, ar bhain na rannpháirtithe leas agus tairbhe astu. Mar chuid den aidhm uileghabhálach chun an ghluaiseacht amharclannaíochta óige a fhorbairt agus a neartú, fónann Oifigeach Ealaíon an Chontae ar Bhord Chumann Náisiúnta na hAmharclannaíochta Óige.



Rannpháirtithe i Lá Amharclannaíochta Óige Lú

Deontais agus Duaiseanna

Cuirtear deiseanna maoiniúcháin ar fáil d'ealaíontóirí gairmiúla agus neamhghairmiúla agus d'eagraíochtaí ealaíon ar dhá spriocdháta i ngach bliain féilire. Tá méadú suntasach tagtha ar iarratais ar mhaoiniú le cúig bliana anuas, ach laghdaigh na hacmhainní a bhí ar fáil sa tréimhse sin.

Tosaíocht is ea é don tSeirbhís Ealaíon teacht a thabhairt do theagasc ar uirlisí ceoil, i suíomhanna oideachais foirmiúla agus neamhfoirmiúla, agus tá méadú tagtha ar an méid airgid a chuirtear i leataobh lena aghaidh sin. Cinntíonn Scéim Cheannaigh na nUirlisí Ceoil Scoile go bhfaigheann trí scoil i gContae Lú tacaíocht airgeadais chun uirlisí a cheannach ar son a ndaltaí. Bhí Coláiste Rís, Dún Dealgan, ar cheann de na hiarrthóirí ba

mhó ratha in 2013. D'úsáid an scoil sin an maoiniú chun stór uirlisí a cheannach le haghaidh daltaí na scoile, i ngníomhaíochtaí scoile agus i gcleachtadh aonair.

Faisnéis agus Comhairle

Rinneadh athbhreithniú agus atógáil cuimsitheach ar shuíomh Gréasáin na Seirbhíse Ealaíon, www.createlouth.ie, in 2013, rud a thug suíomh níos gile agus níos inléite. Rinneadh suíomh Taisce Lú, ina sonraítear na saothair ealaíne atá i mBailiúchán Ealaíne Údaráis Áitiúla Lú, a chomhtháthú leis. Tugtar an suíomh Gréasáin chun dáta faoi dhó sa lá, ar an meán agus bíonn sonraí imeachtaí ealaíon a bheidh ag teacht, chomh maith le deiseanna fostaíochta, spriocuireanta maoinithe agus eolas eile air.

Clárú na Ealaíon

Cheiliúir Baróc Bhaile Átha Fhirdhia deich mbliana de cheol, ceardlanna, léachtaí agus ranganna, le síneadh speisialta ar chlár na Samhna. Buaicphointe ab ea taispeántas grianghraf ó Chlub Ceamara Lár Lú, a dhírigh ar chleachtaí Cheolfhoireann Bharócach na hÉireann agus ar thaibhithe le linn chónaitheacht na ceolfhoirne i mBaile Átha Fhirdhia anuraidh.

Michael O'Neill and Conal Duffy ▷
ceoltóirí ag Baróc Bhaile Átha Fhirdhia 2013

Baineann an tSeirbhís Ealaíon leas i gcónaí as an Scéim Chéatadáin ar son an hEalaíne agus rinneadh mír nua dealbhóireachta a choimisiúnú agus a shuiteáil ar an bpromanáid sna Creagacha Dubha. 'Bradáin' is ainm don mhír, a shnoigh an t-ealaíontóir Richard Perry as píosa amháin d'aolchloch ghorm Chill Chainnigh, agus taitníonn sé le cónaitheoirí agus cuairteoirí araon.



◁ *Bradáin le
Richard Perry,
Na Creagacha Dubha*

Ionadaíocht agus Pleanáil

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon i gcomhar le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta lena bhfuil aidhmeanna atá leagtha amach sa Phlean Ealaíon acu i bpáirt. Fónann Oifigeach Ealaíon an Chontae ar Bhoird na n-eagraíochtaí seo a leanas: Music Generation Louth, Louth Craftmark, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Ionad Ealaíon na Tána, Baróc Bhaile Átha Fhirdhia, Highlanes Gallery, agus an Cumann Náisiúnta um Dhrámaíocht Óige.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha – Ócáidí Suntasacha

Le linn Fhéile ar an Imeall agus Muirí Dhroichead Átha tháinig cúig cinn de longa arda aníos an Bhóinn isteach i bPort Dhroichead Átha. Bhailigh lucht féachana ní amháin ag an bPort ach ag pointí radhairc feadh na habhann ó Bhaile Trá go Baile Uí Mhornaín. Bhí na mílte de lucht féachana ann chun taitneamh a bhaint as na Longa Arda agus as deireadh seachtaine de spórt de réir téama muirí. Mheall sé ní amháin muintir an bhaile ach chuir sé borradh faoin turasóireacht i nDroichead Átha, ag aibhsiú cultúr agus traidisiún muirí an bhaile.

LEABHARLANN agus SEIRBHÍSÍ CARTLAINNE CONTAE LÚ

Bhí Leabharlanna agus Seirbhísí Cartlainne Chontae Lú mar bhonn taca le cáilíocht na beatha i gcás daoine aonair agus pobal sa chontae arís i mbliana.

An úsáid a bhaintear ar Leabharlanna Contae Lú	*2013	2012
Míreanna ar iasacht	*449,743	537,666
Cuairteanna ar leabharlanna lánaimseartha	*263,400	239,200
Baill chláráithe	*15,560	17,347
Seisiúin idirlín curtha ar fáil	*21,563	21,991

*Dúnadh Leabharlann Dhroichead Átha le haghaidh athchóiriú i Samhain/Nollaig 2013.

Seirbhísí Leabharlainne

Laghdaigh líon na mball cláráithe leabharlainne i Lú de 10.5% go 15,560 de bhí, cuid mhaith, gur dúnadh Leabharlann Dhroichead Átha le haghaidh athchóiriú i Samhain/Nollaig 2013. Mhéadaigh cuairteanna ar na trí cinn de leabharlanna lánaimseartha go 263,000 agus tógadh 450,000 mír nó mar sin ar iasacht in 2013.

I gcaitheamh 2013 d'athmheas Seirbhís Leabharlainne Taistil Chontae Lú a chlár ama chun tuilleadh eastát tithíochta i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Fhirdhia a chur ar áireamh ann, mar aon le stad gach tráthnóna Dé hAoine ag Carrchlós Ionad na Mainistreach, Droichead Átha, le linn na n-oibreacha athchóirithe i Leabharlann Dhroichead Átha. Mhéadaigh Seirbhísí Leabharlainne Scoile Contae Lú a thacú do scoileanna go 79 bhunscoile sa chontae, agus do chreiseanna áitiúla.

Forbairt Brainsí

D'éirigh le Comhairle Contae Lú €250,000 deontas i gcabhair chun Leabharlann Dhroichead Átha a athchóiriú agus a uasghrádú ó Chlár Maoinithe Caipitil do Leabharlanna Poiblí na Roinne. Athosclófar an leabharlann athchóirithe in 2014 le seirbhísí méadaithe don phobal, lena n-áirítear pointí féin-eisiúna RFID, pointí breise ríomhaire agus rochtain ar WiFi; seomra nua ilfheidhme seimineáir/TFC agus ranna feabhsaithe do pháistí agus do dhéagóirí.

Tionscnaimh Leabharlainne ar fud an Chontae

Seirbhís ríomhleabhair agus ríomhchluaise

Seoladh seirbhís nua ríomhleabhar i samhradh 2013, ó Overdrive, soláthraí ríomhleabhar sna Stáit Aontaithe. Leis an tseirbhís seo agus an tseirbhís íoslódálacha ríomhchlosleabhar chun an bailiúchán a bhrabhsáil ón mbaile agus míreanna a íoslódáil ar a ríomhairí, iPhone, iPad nó ar táibléad.

Grúpaí Tuismitheoirí agus Leanaí Óga

Fuair Leabharlanna Contae Lú maoiniú trí Choiste Cúram Leanaí Lú chun sraith cainteanna faisnéise sláinte a chur ar fáil, mar chuid d'fhorbairt na nGrúpaí do Thuismitheoirí agus do Leanaí Óga i leabharlanna Dhún Dealgan agus Bhaile Átha Fhirdhia araon.

An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta

Chun an tSeachtain Oidhreachta ón 17-25 Lúnasa a cheiliúradh, d'óstáil **Leabharlann Dhún Léire** taispeántas grianghraf dar teideal '**Dún Léire anuas trí na mblianta**' a eagraíodh i gcomhar le Cumann Staire Dhún Léire agus an Cheantair Máguaird. Sna seanghrianghraif athchóirithe taispeánadh mórán de na hathruithe a tharla i nDún Léire sa chéad deiridh. Tógadh dhá ghrianghraf ar leith ó bhuaic an tséipéil i 1932 a thaispeánann obair na mUILTE, agus grianghraf eile a thaispeánann an traein ag gabháil trí Dhún Léire.

Ionad Faisnéise Dírí na hEorpa

Bronnadh an dara conradh agus maoiniú ag gabháil leis ón gCoimisiún Eorpach ar Leabharlanna Contae Lú chun Ionad Faisnéise Dírí i Leabharlann Dhún Dealgan a thacú ó 2013-2017. Díríonn an tIonad ar réigiúin gheografacha Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin agus chuir clár d'imeachtaí éagsúla ar fáil in 2013 lenar áiríodh comórtas bliantúil 'Ardán Cainte Díreach Eorpa' ar reáchtáladh na babhtaí réigiúnacha i Leabharlann Dhún Dealgan. Ba í Meabh Sloan ó Mheánscoil Naomh Uinseann i nDún Dealgan a bhuaigh an comórtas ceannais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Samhain 2013

Maeve Sloan in éineacht leis an Aire Fergus O'Dowd tar éis di comórtas ceannais Ardán Cainte Díreach Eorpa i gCaisleán Bhaile Átha Cliath a bhuanach. ▷



Tionscadal Comhaireann Dún Dealgan

Bhí Leabharlann Dhroichead Átha páirteach i dtionscnamh uimhearthachta/litearthachta in Eanáir/Feabhra 2013. I gcomhar le Comhpháirtíocht Leader Lú, Teagmháil idir an Scoil, an Baile agus an Pobal, an Coiste Gairmoideachais, RAPID agus Leader Dhroichead Átha thairg an Leabharlann leabhrán dar teideal 'Drogheda Counts' ina bhfuil puzail uimhriúla agus matamaiticiúla. Scaipeadh é sa cheantar. Ba é an príomhrud ar éirigh leis an tionscadal a bhaint amach 1,250 dalta a mhealladh chun freastal ar chainteanna sa leabharlann i dtréimhse ceithre seachtain. Is iomaí dalta a chláraigh sa leabharlann den chéad uair.


Taispeántas Anne Frank + You

Fuair Leabharlanna Contae Lú maoiniú ó chlár deontas beag PEACEIII Chontae Lú chun an taispeántas cáiliúil Anne Frank + You a thabhairt chuig Leabharlann Dhún Dealgan i Meán Fómhair 2013. ▷

*Seoladh Anne Frank + You
Amanda Ononaku*



Bhí an taispeántas ar oscailt ar feadh cúig seachtain agus d'fhostaigh Leabharlanna Contae Lú Treoraithe Turais chun turais a thabhairt do dhaoine ar an taispeántas agus chun an cúlra le saol Anne Frank i ngéibheann a mhíniú. D'fhéach os cionn 12,000 duine ar an taispeántas agus fuarthas aiseolas an-dearfach. Eagraíodh sraith ceardlann agus ranganna scríbhneoireachta cruthaithí i gcomhar leis an taispeántas. Trí na himeachtaí seo tugadh an deis do phobail áitiúla eolas a chur ar oidhreacht agus ar chuimhní cinn coinbhleachta trí dhoiciméid, scéalaíocht agus focal scríofa Anne Frank.



▶
Amanda Brannigan & Declan Breathnach ag an seoladh

Staidéar Áitiúil: Seimineár ar Sheaneolaíocht

D'eagraigh Leabharlann Dhún Dealgan Seimineár Seaneolaíochta sa Leabharlann Tagartha mar chuid de Thionól Éireann 2013. Tháinig os cionn 90 toscaire chuig an seimineár ó chontaetha éagsúla in Éirinn, agus ón Astráil, ón Nua-Shéalainn, ó Cheanada agus ó Mheiriceá. Luaigh na toscairí ardchaighdeán na gcainteoirí agus an raidhse áiseanna agus seirbhísí atá ar fáil do thaighde ginealach i Leabharlanna Contae Lú.

Tionscadal Ainmneacha Gort Lú

Ceapadh an Dr. Eve Campbell ina comhordaitheoir ar Thionscadal Ainmneacha Goirt le linn 2013. Tionscadal comhoibritheach is ea é seo idir Leabharlanna Contae Lú, Cumann Seandálaíochta agus Staire Lú, Craobh Lú d'Fheirmeoirí Aontaithe na hÉireann agus Údaráis Áitiúla Lú. Tá an obair ar siúl chun ainmneacha goirt chontae Lú a uaslódáil ar an mbunachar sonraí agus chun leabhrán de na torthaí a chur ar fáil. Trí ainmneacha goirt chontae Lú a thairfeadh, cinnteofar go gcoimeádfar faisnéis mhórluachmhar áitiúil do na glúine atá romhainn.

Gníomhaíochtaí For-rochtana

Eagraíodh clár iomlán éagsúil d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí i Leabharlanna Chontae Lú sa bhliain 2013. Ar na himeachtaí sin bhí taispeántais, léachtaí, scéalaíocht, stair áitiúil, ceardlanna ginealais, imeachtaí ealaíon agus seisiúin cheardaíochta. Lean na leabharlann de bheith bainteach le himeachtaí náisiúnta ar nós Seachtain Litearthachta na nAosach, Féile Leabhar na Leanaí, Seachtain na Gaeilge, Bealtaine agus Seachtain na hEolaíochta, i gcaitheamh na bliana. Eagraíodh sraith rathúil ceardlann ceoil i Leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia i gcomhar leis an Oifig Ealaíon mar chuid d'Fhéile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia.

Imeachtaí Léitheoireachta

Ar bhuaicphointí 2013 bhí **'Summer Reading Buzz'** i ngach leabharlann brainse i gcaitheamh lúil agus Lúnasa. Ba é aidhm an dúshlán léitheoireachta seo páistí a spreagadh chun leanúint den léitheoireacht i míonna an tsamhraidh. Páistí a léigh ceithre leabhar ar a laghad, cuireadh a n-ainmneacha i gcomórtas le haghaidh mionríomhléitheoirí, agus fuair gach rannpháirtí teastas ag an searmanas dúnta sna leabharlanna brainse. Bhí 471 páiste páirteach i ndushlán léitheoireachta na bliana seo.

Campaí Samhraidh Litearthachta

I gcomhar le hIonad Réigiúnach Oideachais na hUaimhe agus an Roinn Oideachais agus Scileanna d'eagraigh Údaráis Áitiúla Lú trí cinn de campaí litearthachta samhraidh in Iúil agus i Lúnasa i leabharlanna Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha. D'fhreastail 116 páiste ar na campaí, agus ba é an chéad chuairt ar leabharlann i gcás cuid acu. Spreagadh na

páistí le bheith páirteach i 'Tóraíocht Taisce Leabharlainne', rud a thug seans dóibh eolas a chur ar an leabharlann, leabhair a aimsiú agus labhair le foireann na leabharlainne.

Is cabhair iad leabharlanna nuair a bhíonn mo pháiste ag foghlaim

Eagraíodh Lá 'Is cabhair iad leabharlanna nuair a bhíonn mo pháiste ag foghlaim' an 11 Meitheamh 2013. Eagraíodh turais agus am scéalaíochta i leabharlanna brainse Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha le haghaidh leanaí agus a dtuismitheoirí. Ba iad an Ghníomhaireacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh a rith an feachtas seo, i gcomhar leis an tsraith teilifíse ar RTÉ, chun feabhas a chur ar litearthacht agus ar uimhearthacht páistí agus teaghlach. Tá moltaí spráíúla ar an suíomh gréasáin www.helpmykidlearn.ie chun cabhrú le forbairt scileanna litearthachta litearthacht agus uimhearthachta, lena n-áirítear scileanna cumarsáide.

Tionscadal Uimhearthachta

Eagraíodh Tionscadal Uimhearthachta Sheachtain na Matamaitice i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Lú/na Mí i leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia i Meán Fómhair. Reáchtáladh seisiúin neamhfhoirmiúla matamaitice sa leabharlann tar éis na scoile, dírithe ar dhaltaí ar an leibhéal Sóisearach agus Sinsearach agus ar a dtuismitheoirí. Bhí taispeántas gearr ann mar gheall ar shnaiceanna uimhearthachta, agus quiz conair matamaitice timpeall na leabharlainne, ag úsáid mórchuid de na teidil atá ar fáil le tógáil ar iasacht. Bhí ionadh ar thuismitheoirí faoin méid leabhar soléite a bhí ar fáil chun an uimhearthacht agus an litearthacht a spreagadh, cuid acu maisithe go hálainn.

Clubanna Leabhar Trasteorann

Tháinig daoine le chéile i leabharlann Dhún Dealgan agus Bhaile Átha Fhirdhia, a raibh ábhair spéise acu i bpáirt, ag an gcéad chruinniú den Chlub Leabhar Trasteorann. Nascadh dhá ghrúpa de léitheoirí díocasacha ón lúir agus ón bPointe le clubanna leabhair ó leabharlanna Dhún Dealgan agus Bhaile Átha Fhirdhia le haghaidh an tionscadail seo. Bhí plé bríomhar ag na grúpaí ar leabhair éagsúla i gcaitheamh na bliana ag sealú idir leabharlanna Dhún Dealgan agus Bhaile Átha Fhirdhia agus leabharlann an lúir agus an Phointe.

Seirbhís Cartlainne Chontae Lú

Tá raidhse faisnéise, nach bhfuil le fáil in aon áit eile, le fáil i gcartlanna uathúla an chontae mar gheall ar institiúidí, áiteanna, daoine agus imeachtaí, agus is cuid thábhachtach dár n-oidhreacht é, a rannchuidíonn leis an oidhreacht agus leis an turasóireacht ghinealach. Tá 260,000 mír aonair nó mar sin sa bhailiúchán a chuimsíonn bailiúcháin phoiblí agus bhailiúcháin phríobháideach. Tá cartlanna an chontae suite i bhfoirgneamh príosúin breá ón 19ú haois atá suite ar Bhóthar Bhaile Átha Fhirdhia, Dún Dealgan.

Éadálacha

Áiríodh i mbailiúcháin na cartlainne a taisceadh in 2013 páipéir ó pharóiste Eaglais na hÉireann Chollann; doiciméid a bhain leis an Tiarna Bellow as Bearna Mheá, lena n-



áirítear cóip de chairt Dhún Léire (1678) lenar bunaíodh Dún Léire mar bhardas cathrach; leabhar cíosa de chuid an Mhaoir Brush maidir le heastát Brohatna i gCo Lú, a dhátaíonn go dtí 1875-1918 nó mar sin, le roinnt litreacha ann; páipéir thaighde maidir le muintir Uí Bhroin faoi ailias Uí Bhroin as Baile Alaird, Co. Lú, ar theaghlach uasal Éireannach iad a raibh tailte agus leasanna marsantacha i nDún Dealgan, i nDroichead Átha, i mBaile Átha Cliath, i Londain agus i bPáras. Bhí tailte acu i gContaetha Lú, Mhuineacháin agus Thiobraid Árann – ach dhíol siad iad a gcuid tailte i gCo Lú díreach roimh thús an Chogaidh Mhóir 1914-1918. I measc na n-ábhar eile a taisceadh bhí mórleabhair Rice's Pub, Sráid Chlann Bhreasaíl, Dún Dealgan; páipéir Fortescue as Baile Stiofáin, 1806-1918 (páipéir dhlí, ábhair chíosa); téacsanna ar ábhair i gContae Lú; cóip digiteach de Chlár na mBreitheanna agus na nAdhlacthaí maidir le paróiste Challann, Bhaile Mhuiris agus Dhroim Ing; páipéir de chuid James Flynn & Charles Flynn, péintéirí agus maisitheoirí; ábhar toghchánaíochta ón 19ú haois; agus cartlanna Bhríbhéireacht na Cláirsí, Dún Dealgan, ón tréimhse idir 1960í – 2000, ina bhfuil líon mór grianghraf. Tá an tSeirbhís Chartlainne buíoch dóibh siúd a thug bailiúcháin chartlainne agus a chinntigh go gcaomhnófar bailiúcháin thábhachtacha le go mbeidh siad ar fáil do na glúine romhainn le sult a bhaint astu.

Catalóg na Cartlainne

Tá an obair ar mhaithe le caighdeánú ar siúl i gcónaí at chatalóg na cartlainne de réir mar a dhéantar bailiúcháin a athbhreithniú agus a chatalógú go dtí an caighdeán idirnáisiúnta (ISAD).

Digitú

Thug Cartlanna Contae Lú faoi thionscadal digitithe ar an mbailiúchán de Leabhair Cheisteanna an Ard-Ghiúire 1786-1813, 1815-1816, and 1823-1899). Tá na Leabhair Ceisteanna ar cheann de phríomhthaidid riaracháin an chontae roimh 1898. Is acmhainn thábhachtach iad de bhrí go léiríonn siad tús bhonneagar an chontae mar atá sé inniu le tagairtí do mhórchuid de na bóithre, droichid agus píaraí atá fós in úsáid. Tá mórchuid ainmneacha agus tithe cónaithe áitiúla iontu agus is acmhainn úsáideach taighde iad do ghineolaithe. Daoine atá i mbun taighde ar stair eacnamaíoch agus shóisialta an chontae, cuirfidh siad spéis sna leabhair seo de bhrí go gclúdaíonn siad formhór bhlianta na naoú haoise déag agus mionsonraíonn siad obair a rinneadh faoi scéimeanna éagsúla faoisimh ghorta.

Suíomh Gréasáin


Is pointe rochtana tábhachtach é suíomh Gréasáin an údaráis san aois seo de theicneolaíocht dhigiteach. Tugann sé eolas ar obair agus ar chartlanna an chontae. Mhéadaigh meánlíon na gcuairteanna ar ár leathanaigh ghréasáin go réidh ó 50 cuairt sa lá sa chéad seacht mí den bhliain go 123 cuairt sa lá i Nollaig. Is dócha gurb é na catalóga breise bailiúcháin in PDF agus an chartlann dhigiteach nua ar líne is cúis leis an méadú sin. San iomlán rinneadh 25,000 cuairt ar ár suíomh Gréasáin in 2012, le 14,000 íoslódáil, nó mar sin. Mhair cuairteanna idir 7 agus 8 nóiméad.

For-rochtain

Thug Cartlannaí an Chontae cainteanna dóibh siúd seo a leanas ar obair na gCartlanna Contae agus a bhailiúcháin: grúpa ó Choiste Gairmoideachais Lú i Meitheamh; aontú ghrúpa teaghlaigh Mhic an Tuile mar chuid den Fhéile Tionóil in Iúil; Seimineár Ginealais de chuid Údaráis Áitiúla Lú i Meán Fómhair; agus na rannpháirtithe ar an gcúrsa Teastais i Stair Áitiúil (deimhnithe ag an Ollscoil Náisiúnta, Má Nuad) sa mhúsaeim contae i Samhain; Eagraíodh dhá ócáid innéacsaithe i Lúnasa le haghaidh na Seachtaine Oidhreachta. Chum rannpháirtithe innéacs le haghaidh leabhar miontuairiscí agus aon

trian de chomhairle ceantair tuaithe Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha, a cuireadh ar fáil ar líne ina dhiaidh sin mar shlí chun teacht ar líne a thabhairt ar an mbailiúchán seo.

Tugadh an leathanach Gréasáin 'Doiciméad na Míosa' chun dáta gach mí le míreanna ar nós líníocht dúigh de stáisiúin traenach an Ghrianfoirt; grianghraf ón aer de Dhún Dealgan i 1966, agus sonraí dhíol Theach Chill Ó nDaighre, Droichead Átha, i 1918. I Meán Fómhair, bhunaigh Cartlanna Contae Lú leathanach Facebook agus tugtar chun dáta é go rialta. Mar chuid den fheachtas chun feasacht a mhúscailt mar gheall ar ARA (an Comhlachta Cartlanna agus Taifead – RA & Éire), d'óstáil Cartlanna Contae Lú féilire Aidhbhinte rathúil digiteach ag úsáid doiciméad cartlainne ar a leathanach Facebook.



Sampla _Doiciméad na Míosa △

Taighdeoirí

Buaicphointe d'obair na gCartlann Contae is ea cuidiú le raon leathan taighdeoirí: acadóirí, gairmithe, grúpaí pobail agus staraithe áitiúla. Samplaí d'fhiosruithe taighde a fuarthas in 2013 ab ea stair teachín coirceoige i lár Lú; PJ Carrolls; Mílíste Lú; leanaí ar lóistín; tithíocht phoiblí i nDroichead Átha go luath san fhichiú haois; taifid Halla Lú; baill Chumann na mBan; úinéireacht talún i nDún Dealgan a rianú; taifid adhlactha shráidbhaile Lú; filí in Ó Méith sna 1700í; Monarcha Teicstílí Castleguard; grianghraif de Lú Thuaidh; páistí sa teach oibre; agus fiosruithe éagsúla faoi stair teaghlaigh.

Bainistíocht Taifead

Cuireann na Cartlanna Contae seirbhísí bainistíochta taifead ar fáil d'Údaráís Áitiúla Lú, lena n-áirítear oibriú an Ionaid Taifead.

Contae Aoisbháuil

Tá Contae Lú ar an gcontae is faide chun tosaigh in Éirinn ó thaobh bheith báuil le haois. I gcaitheamh 2013 tháinig Clár Báuil le hAois Lú chun bheith ina chomhpháirtí a bhuan gradam sa Chomhpháirtíocht Eorpach Nuála ar Aosú Gníomhach Sláintiúil, óstáladh cuairteoirí ón Eoraip, agus ó gach cearn d'oileán na hÉireann. Baineadh úsáid as clár Bhaile Aoisbháuil Lú mar bhonn le 16 clár eile do Bhailte Aoisbháula ar fud na hÉireann.

Seo iad cuspóirí na **Comhpháirtíochta Eorpaí ar Aosú Gníomhach Sláintiúil**:

- A chumasú do shaoránaigh an AE saol sláintiúil gníomhach neamhspleách a chaitheamh agus iad ag dul in aois;
- Cur le hinbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na gcóras sóisialta agus cúram sláinte;
- Iomaíochas na margaí le haghaidh táirgí agus seirbhísí nuálacha a threisiú agus a fheabhsú;

Dhréachtaigh Lú Aoisbháúil togra comhpháirtíochta EIP mar phríomh-chomhpháirtí le haghaidh ceantar an oirthuaiscirt, a ghlac Coimisiún an AE leis ina iomláine. Dá bhun sin, ba é Lú Aoisbháúil comhpháirtí an Choláiste Ollscoile, Corcaigh, chun iarratas a dhéanamh ar bheith ina Shuíomh Tagartha, agus bhuaigh sé dámhachtain trí réalta a chuir an clár sa chéad 11 shamhail de dhea-chleachtas sa Eoraip.



Faoin EIP tá Lú chun tosaigh ó thaobh Comhaontas Réigiúnach Aoisbháúil, Fóram Réigiúnach Seanóirí agus Grúpa Réigiúnach Iompair a éascú. Go dtí seo tá mórchuid déanta chun bealaí bus a chur ar fáil chuig ospidéal ghéarchúraim san Oirthuaisceart. Tá samhlacha éagsúla dea-chleachtais aitheanta againn, lena n-áirítear samhail cúraim teaghlaigh i suíomhanna cúraim fadtéarmaigh agus samhail an Bhaile Aoisbháúil.

Bosch Europe

Mar bhall den EIP tá naisc cruthaithe ag Lú le príomhcheannairí Eorpach maidir le haosú go gníomhach agus go sláintiúil. Thug Bosch Europe cuairt ar Lú in Iúil 2013. Thug seachtar taighdeoir ar fhichead ar gach gné den aosú cuairt dhá lá ar Lú, cuairt a mhaoinigh Bosch Europe, agus d'fhoghlaim siad an méid a dhéanann teicneolaíochtaí Great Northern Haven agus an Cúltaca ar mhaithe leis an aosú. Thug siad cuairt ar Lóiste Halla an Mhúraigh, an tsamhail cúraim teaghlaigh i gCúram Fadtéarmach, shiúil siad trí Bhaile Átha Fhirdhia, an chéad Bhaile Aoisbháúil in Éirinn, agus d'fhoghlaim siad conas Contae Aoisbháúil a chur ar fáil.

Fuarthas aiseolas an-dearfach maidir leis an gcuairt. Feicfead clár Aoisbháúil Lú anois ar <http://www.bosch-stiftung.de/content/language1/html/48805.asp>

Ina theannta sin, d'óstáil Lú an Chomhpháirtíocht Straitéiseach um Fheabhsú na Sláinte (SHIP), Tuisceart Éireann agus go háirithe Eddie Rooney, Príomhfheidhmeannach, An Ghníomhaireacht um Shláinte Phoiblí. Cruthaíodh nasc trí ionadaíocht Lú ar Chomhaontas Aoischairdiúil an Iúir agus



Mhúrna faoi Mheabhrán Tuisceana Lú/an Iúir & Mhúrna. Is comhpháirtí gníomhach tiomanta de phlean straitéiseach an Iúir & Mhúrna é SHIP anois.

Cruinniú Mullaigh an AE ar Aosú Gníomhach agus Sláintiúil

Tionóladh *Cruinniú Mullaigh an AE ar Aosú Gníomhach Sláintiúil* i gcomhar le hUachtaránacht an AE, agus ba iad an Líonra um Aosú go Maith agus an Comhaontas

Domhanda um Aosú a d'eagraigh é le chéile. Comhchruinniú ab ea é leis an gComhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach. Mar straitéis chun forbairt eacnamúil agus shóisialta ar fud an AE a spreagadh, tháinig grúpa d'ardcheannairí AE agus domhanda le chéile ag an gcrúinniú mullaigh chun tosaíochtaí a shocrú agus gealltanais a neartú i dtaca le cleachtais aoischairdiúla a chur chun cinn, ag díriú go speisialta ar chathracha agus ar phobail. Thaispeáin Lú Aoischairdiúil samhlacha dea-chleachtais lena n-áirítear: Na Parlúis, an Great Northern Haven, Aoischairdiúil a Bhrandáil, Seideanna na bhFear, Baile Aoischairdiúil Bhaile Átha Fhirdhia, Ageing in Place agus Gnó Aoischairdiúil.

Comhdháil um Chúram & Chomhroinnt Samh 2013

Fuair Grúpa Ban Dhamhliag maoiniú ó Indaver le haghaidh comhdháil phobail. Chinn siad díriú ar sheanóirí agus thug cuireadh do Chontaetha Aoischairdiúla Lú agus na Mí bheith ina gcomhpháirtithe leo i réachtáil na comhdhála. Ba mhór ag Lú agus an Mhí an deis a fháil comhdháil a réachtáil le chéile, comhdháil a chabhraigh chun gníomhaíochtaí an EIP a chur i gcrích. Ba é an ceacht a foghlaimíodh as seo ná go mbionn tionchar ag gníomhartha aoischairdiúla trasna teorainneacha contae.



Cumann Altraí Seaneolaíochta na hÉireann Uile (AIGNA)

Bhí a gcomhdháil bhliantúil ag an AIGNA i nDún Dealgan i mBealtaine 2013.

Roghnaíodh Lú de bharr an phróifíle mar chontae aoischairdiúil. Ba é téama na comhdhála “*Cabhrú le Seanóirí Bláthú i Suíomhanna Éagsúla Cúraim*”. Ba í Mary Deery, clár bhainisteoir Lú Aoischairdiúil, a d'oscail an chomhdháil le mionsonraí ar chlár Contae Aoischairdiúil Lú.

Baile Aoischairdiúil Bhaile Átha Fhirdhia

I gcaitheamh an phróisis chomhairliúcháin poiblí de Phlean Forbartha Cheantar Bhaile Átha Fhirdhia, iarradh ar Fhóram Sheanóirí Lú aighneacht a chur chuig Comhairle Contae Lú. Tiontaíodh an aighneacht sin ina phlean forbartha chun an chéad Baile Aoischairdiúil in Éirinn a dhéanamh de Bhaile Átha Fhirdhia. Bunaíodh grúpa stiúrtha Bhaile Aoischairdiúil ar a raibh Cléireach Baile Bhaile Átha Fhirdhia, Innealtóir Baile Bhaile Átha Fhirdhia, Grúpa Scoir Ghníomhaigh Bhaile Átha Fhirdhia, Coiste na mBailte Slachtmhara, FSS, an Garda Síochána, IWA agus na scoileanna. Thug an grúpa léargas ar na dúshláin a bhíonn le sárú ag gach glúin agus mhínigh an t-innealtóir na srianta a bhí air agus rochtain shábháilte á tabhairt aige do choisithe agus d'úsáideoirí feithiclí araon. Gabhadh na torthaí agus an méid a foghlaimíodh in athbhreithniú ar an bpróiseas agus chabhraigh sé chun an próiseas céanna a chur sa siúl i 16 bhaile eile ar fud na hÉireann. Is féidir féachaint ar dhoiciméid Bhaile Átha Fhirdhia ag http://agefriendly.ie/louthagefriendly/?page_id=1549

Suíomh Gréasáin Náisiúnta Aoischairdiúil

Ar aon dul le gealltanais faoi EIP, bhí Lú chun tosaigh ó thaobh suíomh Gréasáin Chontae Aoischairdiúil a chruthú. Ba é Lú a dhear an suíomh Gréasáin bunaidh tar éis dul i gcomhairle le seanóirí agus tréimhse tástála a eagrú. De réir mar a sheol contae eile clár

Chontae Aoischairdiúil, bhí siad sásta aithris a dhéanamh ar dhearadh Lú. Tar éis trí bliana de thaithí Lú, d'aontaigh grúpa cumarsáide náisiúnta, faoi threoir Lú, dearadh nuashonraithe, agus cuireadh leagan nuashonraithe ar fáil. Beidh an suíomh Gréasáin beo go luath in 2014.

Iompar Aoisbháúil

Rinne grúpa iompair Chontae Aoischairdiúil Lú anailís ar riachtanais phearsantaithe iompair i gceantar Cheann Clochair. Dá bharr sin, tugadh le fios nach ndeachaigh busanna Bhus Éireann a fhónann ar cheantar Cheann Clochair i ngaireacht d'Ospidéal Mhuire Lourdes ar chor ar bith. Tar éis an cheist a phléigh go mion le Bus Éireann rinneadh athbhreithniú ar na bealaí bus agus de bharr athruithe i gceantar an Oirthuaiscirt, nascann na bealaí bus le chéile anois agus leis na hospidéal ghéarchúraim. Sheol Bus Éireann na bealaí nua bus i Samhain 2013.



Sláinte Aoisbháúil

D'éirigh le grúpa sláinte Chontae Aoischairdiúil Lú deontas a fháil ón GENIO. Bhain an t-iaratas le Pobail Aoischairdiúla a bhfuil Néaltrú orthu Maoiniú le haghaidh tionscadal dhá bhliain atá ann agus tá súil le tús a chur leis go luath in 2014.

Gnó Aoisbháúil

Bhí rath ar Aonach Aoischairdiúil do Thomhaltóirí a eagraíodh uair amháin eile i gCaisleán Darver i nDeireadh Fómhair. D'fhreastail 2,000 duine nó mar sin ar na 50 seastán le cois. I measc na seastán bhí raon seirbhísí ar nós táirgí cúraim bhaile, teicneolaíochtaí, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, bia agus éadaí. Bhain an uile dhuine a bhí i láthair taitneamh as an lá agus bhí ceol beo agus léirithe ar siúl sa Pharlús. Bhí Gavin Duffy, cathaoirleach an Fhóraithe Ghnó Aoischairdiúil, i láthair ar an lá mar aon le



Declan Breathnach, cathaoirleach Chomhairle Contae Lú, a d'oscail an t-aonach i láthair an Aire Fergus O'Dowd.

Comhairle na nÓg Lú

Is é Comhairle Lú guth aitheanta na ndaoine óga sa chontae. Tagann ionadaithe ó gach cearn den chontae le chéile ar bhonn míosúil agus tugann siad faoi réimse leathan tionscadal chun plé leis na saincheistanna atá ag daoine óga. Tacaíonn oifig Bhord Fiontair an Chontae le Comhairle na nÓg Lú.

In 2013 roghnaigh Comhairle na nÓg Lú an chuimsitheacht mar fhócas lena gcuid oibre mar fhreagra ar an aiseolas ón gCruinniú Cinn Bhliana ar fhreastail os cionn 100 duine óg air. Chun díriú ar cheist na cuimsitheachta, dhear na comhairleoirí óga tionscadal le háiteanna níos cuimsithí don lucht Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach, do dhaoine óga faoi mhíchumas agus do dhaoine óga ó mhionlaigh eitneacha a dhéanamh de scoileanna agus d'eagraíochtaí óige. Mar chuid den tionscadal b'éigean do gach scoil agus eagraíocht óige cairt a shíniú agus gealladh go gcuirfeadh siad seirbhís chuimsitheach ar fáil do dhaoine óga. In 2013 chláraigh ocht gcinn déag de scoileanna agus d'eagraíochtaí óige agus fuair siad Bratach Cuimsitheachta ó Chomhairle Lú. Reáchtálfar os cionn 50 tionscnamh chun an chuimsitheacht a chur chun cinn.



Bhí Comhairle na nÓg Lú i gceannas an Tionscadail Líonraithe Óige Trasteorann arís i mbliana. Is tionscadal é seo a fhaigheann maoiniú ó PEACE III agus a fhorbraíonn scileanna síochánaíochta daoine óga agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí comhair.

Páirteach ann tá ionadaithe óige ó chomhairlí óige i Lú, sa Chabhán, i Muineachán, in Ard Mhacha agus san Iúir & Mhúrna.



COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT ÁITIÚIL LÚ

Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú: Sprioc Straitéiseach 1: Rannpháirtíocht a Mhéadú do Chách



An Irish Sports Council Initiative

Tionscadal rannpháirtíochta do spriocghrúpaí:

- Buntús Tosaigh le haghaidh Réamhscoileanna: Is clár gníomhaíochta fisiciúla do pháistí idir 2 agus 5 bliana d'aois é Buntús Tosaigh. Faigheann múinteoirí réamhscoile 6 uair an chloig d'oiliúint chun an clár a chur ar fáil mar aon le mála mór trealaimh agus cártaí acmhainne. Tá 91 seirbhís réamhscoile páirteach sa chlár; agus oileadh 611 ball foirne chun dul i mbun oibre le 3718 páiste.
- Buntús Cineálach le haghaidh Bunscoileanna: Buntús Cineálach – Dearadh an clár seo mar chomhlánú ar shnáithe cluichí an churaclaim corpoideachais. Faigheann múinteoirí 4 uair an chloig d'oiliúint, cártaí acmhainní agus dhá mhála mhóra trealaimh. Cuireadh oiliúint ar 65 scoil sa chlár; agus oileadh 829 ball foirne chun dul i mbun oibre le 12,000 páiste.
- Leathnaíodh Lúthchleasaíocht Halla Spóirt le haghaidh bunscoileanna ó 2 scoil go 8 scoil. Lúthchleasaíocht istigh do pháistí is ea Lúthchleasaíocht Halla Spóirt. Is modh taitneamhach é chun scileanna bunúsacha spóirt agus corpacmhainneacht a fhorbairt le linn mhíonna fuara an gheimhridh ar shlí aoisoiriúnach chun bheith páirteach i spórt príomhshrutha. Is tionscnamh de chuid Chomhpháirtíocht Spóirt Lú é a eagraíonn Ionad Spóirt Dhún Dealgan i gcomhar le DKIT. Eagraíodh lá cluichí ceannais Lú inar ghlac 5 scoil páirt agus as sin roghnaíodh 3 scoil chun dul san iomaíocht sa Chraobhchomórtas Náisiúnta in Átha Luain.
△ Lúthchleasaíocht Halla Spóirt



in Ionad Spóirt Dhún Dealgan

- Clár Bí Gníomhach tar éis na Scoile – 16 scoil bainteach leis an gclár – oileadh 96 saorálaí tuismitheora agus 48 múinteoir. D'fhás an tionscnamh as riachtanas a aithníodh chun taithí páistí in aois scoile ar ghníomhaíochtaí fisiciúla a leathnú agus chun tuismitheoirí a mhealladh le bheith páirteach ann. Cuirtear oiliúint ar na saorálaithe tuismitheora agus múinteora agus faigheann an scoil fillteán de chártaí acmhainne. Cúig chatagóir spóirt atá i gceist: cluichí, aclaíocht, rince, lasmuigh agus eachtraíocht agus lúthchleasaíocht.

Rás Trastíre na mBunscoileanna ▷

- Eagraíodh Rás Trastíre na mBunscoileanna agus deis ag daltaí ó Rang a Trí go Rang a Sé a bheith páirteach. Bhí 741 dalta as 24 scoil ar fud an chontae páirteach ann.



- Clár Girls in Action do chailíní neamhghníomhacha sna déaga - tá sé á chur ar fáil anois in 8 mheánscoil sa chontae. Bíonn deis ag na cailíní a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a roghnaíonn siad féin. Bhí 99 cailín páirteach sa lá gníomhaíochta ag tús na bliana mar a bhfuair na cailíní deis triail a bhaint as Tai Chi, cichhornálaíocht, pionsóireacht, rince agus aeróbaic.
- Bhí Trí-atlan na hIdirbhliana ar siúl don dara bliain as a chéile. Ghlac 189 dalta as 13 scoil páirt ann. Bhí ar na daltaí 200m a shnámh faoi dhíon, turas rothaíochta 10K a dhéanamh agus 10K a rith. D'fhéadfadh na daltaí a bheith páirteach mar iomaitheoirí aonair nó mar bhaill d'fhoireann.



△ *Trí-atlan na hIdirbhliana 2013* △

- Eagraíodh 15 cúrsa oiliúna i bhfeasacht míchumais in 2013 agus cuireadh oiliúint ar 450 rannpháirtí ó ghrúpaí Idirbhliana, clubanna spóirt agus coláistí tríú leibhéal.
- Cuireadh ranganna rince Zumba do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil i nDroichead Átha do 28 rannpháirtí.
- Eagraíodh cluiche taispeántais cispheile cathaoir rotha i nDún Dealgan. Eagraíodh an tionscadal chun cispheil chathaoir rotha a thaispeáint don phobal. Thaispeáin sé na dúshláin a bhíonn le sárú ag na himreoirí. Bhí deis ag an bpobal dul isteach sna cathaoireacha agus triail a bhaint as an spórt iad féin. Thaispeáin sé, leis, comhtháthú an spóirt agus daoine lán-inniúla ina mbaill den fhoireann.



△ *Cluiche Taispeántais Cispheile Cathaoir Rotha sa Chearnóg, Dún Dealgan* △

2

- D'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Lú scéimeanna deontas chun níos mó daoine faoi mhíchumas a mhealladh le bheith páirteach sa spórt agus scéim Deontas do Chlub

Spóirt chun tacú le clubanna agus grúpaí chun an rannpháirtíocht a choimeád agus a mhéadú. Fuair 18 club €9000.

- Cuireadh ranganna rince do dhaoine fásta ar fáil i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan do 50 rannpháirtí. In 2013, bhain 20 seanóir úsáid as an tseirbhís tacaíochta fóin FitLine do sheanóirí ar mian leo a bheith gníomhach go fisiciúil.

Rang Rince do Sheanóirí ▷



- I measc na n-imeachtaí a eagraíodh mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na Rothar i Meitheamh 2013 bhí laethanta spraoi do theaghlaigh; turais rúnda rothar i gceantair RAPID; seiceálacha ar rothair i scoileanna agus oiliúint sábháilteachta ar rothair. Bhí tuairim is 2,400 duine sa chontae páirteach i Seachtain na Rothar.

Seachtain na Rothar – Scoil Náisiúnta Meile ▷

- Eagraíodh Siúlóid Operation Transformation i nDroichead Átha in Eanáir 2013 agus bhí 102 duine páirteach ann. Bunaíodh grúpa siúlóirí/bogshodairí san ionad oibre chomh maith.

Siúlóid O.T. i nDroichead Átha ▷



Forbairt Clubanna agus Saorálaithe

- Oiliúint curtha ar fáil do chlubanna agus do shaorálaithe maidir leis an gCód Eitice (reachtáladh 9 gcúrsa i gcaitheamh 2013 ina raibh 136 duine páirteach) agus oiliúint d'Oifigigh Páistí Clubanna.
- Soláthraíodh oiliúint agus comhairle ar chistiú agus ar chur ar aghaidh clubanna áitiúla.

Teacht ar Áiseanna

- Tá eolaire de na saoráidí spóirt uile sa Chontae á choinneáil ag Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú.

Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú: Sprioc Straitéiseach 2: Comhpháirtíochtaí Inbhuanaithe a Thógáil

- Tá líonra gníomhach amháin Chomhpháirtíocht Spóirt Áitiúil ann i láthair na huairé – Líonra Múinteoirí Corpoideachais Lú

Comhpháirtíocht Spóirt Áitiúil Lú: Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid a Fhorbairt agus a Fheabhsú

- Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil do chlubanna agus scaiptear preasráitis ar na meáin áitiúla.
- Tugtar an suíomh Gréasáin cothrom le dáta go rialta agus cuirtear teagmhálaithe nua ó chlubanna leis an liosta teagmhálaithe ríomhphoist.

Comhairle Buirge Dhroichead Átha



Staidiam Lourdes

Rinne Comhairle Buirge Dhroichead Átha Staidiam Lourdes a oibriú agus a chothabháil in 2013. Tá an rian curtha in áirithe do na hamanna oscailte tráthnóna ar fad agus tá seacht gcinn de chlubanna éagsúla ag baint úsáide as an tsaoráid. Cuireann amanna i leataobh d'úsáideoirí ócáideacha íoc mar a úsáidtear, ag am lóin agus go luath sa tráthnóna. D'úsáid 15,000 duine nó mar sin an staidiam ó osclaíodh é i Samhain 2012. Beidh €23,500 de theacht isteach ag an Staidiam ó chlubanna agus ó úsáideoirí ócáideacha faoi dheireadh 2013.

Iarradh tairiscintí chun Faiche Babhlála Uile-aimsire a thógáil ar chuid den suíomh láimh le Reilig Naomh Peadar. Meastar go gcosnóidh an tionscadal seo €130,000. Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €65,000 de dheontas sealadach in 2013 ar an tionscadal seo. Leanfaidh Comhairle Buirge Dhroichead Átha in 2014 de mhaoiniú a lorg ar son an tionscadail seo.

Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha

Is sócmhainn úsáideach é Ionad Fóillíochta Dhroichead Átha i gcónaí do shaoránaigh Dhroichead Átha agus an cheantair máguaird. Meallann sé 203,000 cuairteoir sa bhliain. Ó osclaíodh é in 2006 tá feabhsuithe suntasacha déanta ar chaomhnú fuinnimh chun na rialacháin nua tógála a chomhlíonadh. Leanfaidh an Chomhairle de bhuntáiste a bhaint as deontais chaipitil spóirt ar bith chun feabhsuithe eile a dhéanamh ar an ionad.



Ionad Pobail Dhroichead Átha

Fuair Ionad Pobail Dhroichead Átha €14,00 de dheontas i Meitheamh 2013 ón Roinn Iompair, Turas-óireachta agus Spóirt chun seomra an allais a thiontú ina sheomra folctha do dhaoine faoi mhíchumas agus chun trealamh spóirt a cheannach le húsáid sa tsaoir. Lorgaíodh tairis-cintí agus críochnaíodh an jab in 2013.



An Daonlathas Áitiúil:

'Ról daonlathach, saoránach agus ceannaireachta Údaráis Áitiúla Lú a thacú, a chur ar aghaidh agus a fheabhsú.'

Fóram Pobail agus Deonach

Bhí cruinnithe míosúla ag Fóram Pobail agus Deonach Chontae Lú sa bhliain 2013 faoi mar a bhí roimhe sin. Tionóladh toghchán chun roinnt folúntas a líonadh thar na 7 gColún Théamacha; cuireadh oiliúint ar na comhaltaí nua agus chuaigh siad isteach sna grúpaí oibre nuabhunaithe. I mBealtaine, d'óstáil an fóram an dara comhdháil don Earnáil Phobail agus Dheonach; sheol Gavin Duffy, Uasal, suíomh Gréasáin nua an fhórait www.louthcommunityforum.ie - thug an t-imeacht rathúil seo eolas do Phlean Oibre an Fhórait Phobail agus Dheonaigh do 2012-2014 agus cuirfear ar siúl é ar bhonn bliantúil amach anseo ar fhéilire na hearnála Pobail & Deonaí. Gheofar tuarascáil na Comhdhála Bliantúla ag www.louthcommunityforum.ie

Tá obair fós ar bun ar an bplean gníomhaíochta agus i leith saothar Fóram Lú a chur chun cinn trí thionscadail agus trí chomórtas bliantúil Dámhachtainí Rochtana ar fud an chontae.

Tá ionadaíocht ag an earnáil Phobail & Deonach ar na struchtúir seo a leanas trí bhaill an fhórait: Bord Forbartha Contae Lú, an Tascfhórsa Réigiúnach um Dhruaí, Comhchoistí Póilíneachta, Coistí Beartas Straitéiseach Chomhairle Contae Lú, Coistí Pleanála Cathrach Chomhairle Baile Dhún Dealgan, Coiste Cúram Leanaí Lú agus ar Fhóram Pobail cheantar na Teorann. Mhéadaigh líon na ngrúpaí atá cláraithe leis an bhfóram Pobail agus Deonach go suntasach le linn 2013.

Buaiteoirí Dámhachtainí Rochtana LC&VF 2013 ▽



Scéim Pobail na nAláram Deataigh

Cuireadh roinnt aláram deataigh, aláram aonocsaíd charbóin, agus aláram do dhaoine bodhra agus do dhaoine ar lagéisteacht ar fáil faoin scéim seo le cúnamh grúpaí Pobail & Deonacha i Lú, lena n-áirítear Deaf Hear, na foirne Cúraithe agus Deisiúcháin i nDroichead

Átha agus i nDún Dealgan araon agus seirbhís dóiteáin Chomhairle Contae Lú. Tá tóir ar an scéim i gcónaí i Lú agus cuirfear ar fáil é i gcomhpháirtíocht leis an Straitéis nua Sábháilteacht Dóiteáin Pobail in 2014.

Seoladh an Aláirim Phobail Deataigh ▾



Painéal na nDaoine

Bhunaigh Comhairle Contae Lú, i gcomhar le Comhairle Ceantair an Iúir agus Mhúrna agus le Tosaíocht Fhondúireachtaí Todhchaí Chomhpháirtíochta PEACE III an Deiscirt Painéal Daoine de shaoránaigh chun dul i ngleic le seirbhísí, áiseanna, beartais agus chun teicnící nua a fhorbairt chun tionchar rannpháirtíocht sa phobal a mheas. Sa chur chuige uathúil Chomhpháirtíochta seo, tá an dá chomhairle tar éis dul i gcomhar den chéad uair riamh chun féachaint ar shamhlacha nuálacha de rannpháirtíocht pobail.

Scéim phiolótach ab ea Painéal na nDaoine in 2013 agus d'aibhsigh sé go bhféadfadh sé a bheith ina mheicníocht éifeachtach le haghaidh caidreamh/rannpháirtíocht lánbhríoch i gcomhthéacs pleanáil phobail. Taispeánann an tsamhail dea-chleachtais seo le haghaidh comhroinnt go bhféadfaí seirbhísí gan uaim a chur ar fáil a bheidh de bhreis ar na híosriachtanais reachtúla comhairliúcháin atá i bhfeidhm ag údaráis áitiúla. Is uirlis é seo chun seirbhísí dírithe ar shaoránaigh a dhearadh, a sheachadadh agus a chothú, as a bhforbraítear caidreamh cothaíoch, agus le meas agus luach frithpháirteach a chruthú idir an Chomhairle agus an pobal. Seo daonlathas rannpháirteach ar obair. Tá tacú don phainéal ar fáil ó Chiste

Baill de Phainéal na nDaoine 2013 ▸

Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa tríd an gClár Tacaíochta Speisialta um Shíocháin agus Athmhuintearas (PEACE III), arna bhainistiú ag an gComhlacht um Chláir Speisialta AE.



***Táblaí
agus
Aguisíní***

Príomhtháscairí Feidhmíochta

SEIRBHÍS DÓITEÁIN	2011	2012	2013
F1: Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin			
A. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i gcás dóiteáin	2.94	2.20	1.85
B. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin coimeádta) i gcás dóiteáin	3.81	4.46	5.45
C. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i gcás gach teagmhas éigeandála eile	3.1	2.30	1.91
D. An mheántréimse ama, i nóiméid, a thógann sé briogáid dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin coimeádta) i gcás teagmhas éigeandála eile	5.43	4.70	5.21
F.2 An Céatadán Láithreachta ag Ionaid			
A. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	63.68	61.90	69.19
B. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	28.03	33.55	28.08
C. Céatadán na gcásanna dóiteáin inar sroicheadh an t-ionad tar éis 20 nóiméad	8.29	4.54	2.73
D. Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad laistigh de 10 nóiméad	41.00	50.53	59.17
E. Céatadán na dteagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an t-ionad tar éis 10 nóiméad agus laistigh de 20 nóiméad	41.42	43.09	36.7
F. Céatadán na gcásanna i gcás gach teagmhas éigeandála eile inar sroicheadh an láthair den chéad uair tar éis 20 nóiméad	17.57	6.38	4.13
F.3 Cosc Dóiteáin			
A. Uimhir iomlán na n-iarratas a fuarthas ar dheimhniú sábháilteacht dóiteáin	111	105	120
B. Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán arna bpróiseáil (lena	99	96	103

n-áirítear cásanna neamhbhailí)				
C. Líon iomlán na n-iarratas bailí	12	7	13	
RANNPHÁIRTÍOCHT	2011	2012	2013	
POBAIL				
CP.1 Rannpháirtíocht i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg				
Céatadán na scoileanna áitiúla agus na ngrúpaí óige atá bainteach le scéim Chomhairle na nÓg	95.45	95.45	95.65	
CP.2 Grúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach				
Líon na ngrúpaí atá cláraithe leis an bhFóram Pobail agus Deonach	169	182	2.40	
CEISTEANNA CORPARÁIDE	2011	2012	2013	
C.1 Laethanta Oibre a cailleadh de dheasca Breoiteachta				
A. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta dheimhnithe	4.81	4.80	4.72	
B. Céatadán na laethanta oibre a cailleadh trí shaoire bhreoiteachta dheimhnithe	0.80	0.68	0.49	
C.2 Oiliúint agus Forás na Foirne				
Caiteachas ar Oiliúint agus ar Fhorbairt mar chéatadán de chostas iomlán an phárla:	2.80	2.85	2.42	
SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL	2011	2012	2013	
UISCE				
E. 1 Uisce Gan Tásca				
